# CUIDEACHTAÍ

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Clár Ábhar


**1.0 Réamhrá** 1

**2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí** 2

2.1 Cad is Cuideachta ann? 2

2.2 Cineálacha Cuideachta 2

2.3 Cuideachtaí Dliteanais Theoranta agus Cuideachtaí Dliteanais Neamhtheoranta 2

2.4 Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí 3

2.5 Struchtúir Chuideachta 3

2.5.1 Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (Teo.) 4

2.5.2 Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA) 4

2.5.3 Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT) 4

2.5.4 Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) 5

2.5.5 Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN agus CPNT) 5

2.5.6 Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR) 5

2.5.7 Cuideachta Sheachtrach 6

2.6 Cuideachta a Chorprú agus a Chlárú 6

2.7 Bunreacht Cuideachta 7

2.7.1 Meabhrán Comhlachais 7

2.7.2 Airteagail Chomhlachais 7

2.8 Stiúrthóirí Cuideachta 8

2.9 Rúnaí Cuideachta 8

2.10 Na Dualgais atá ar Chuideachta 8

2.10.1 An Oibleagáid chun Taifid Chuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád 9

2.10.2 An Dualgas chun Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú 10

2.10.3 An oibleagáid chun a shocrú go ndéanfar Ráitis Airgeadais Reachtúla a Iniúchadh 11

2.10.4 An Dualgas atá ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamhairgeadais a Nochtadh 12

2.10.5 An Dualgas chun Cláir Áirithe agus Doiciméid Eile a Choimeád 13

2.10.6 An Dualgas chun Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí 16

2.10.7 An Dualgas chun Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól 17

2.10.8 An Dualgas chun Coiste Iniúchóireachta a Bhunú 18

2.11 Cumhachtaí Cuideachtaí 18

| | | |
|---|---|---|
| **3.0** | **Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** | **19** |
| 3.1 | Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla | 19 |
| | Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt | 19 |
| 3.2 | Pionóis Shibhialta | 20 |
| | Dícháiliú | 20 |
| | Dícháiliú Uathoibríoch | 20 |
| | Gealltanas maidir le Dícháiliú | 21 |
| | Srian | 21 |
| | Gealltanas maidir le Srian | 21 |
| | Cuideachta a Bhaint den Chlár | 22 |
| **Aguisín A – An Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)** | | **23** |
| | Réamhrá | 23 |
| | An Fhaisnéis a Cheanglaítear a Sholáthar sa Tuairisceán Bliantúil | 24 |
| | Doiciméid atá le Cur i gCeangal leis an Tuairisceán Bliantúil | 25 |
| | Díolúintí ó Chomhdú atá ar Fáil do Chuideachtaí Sonracha | 25 |
| | Ráitis Airgeadais Reachtúla Lochtacha a Athbhreithniú go Deonach | 27 |
| **Aguisín B – Foirmeacha Léiritheacha agus a mBeidh i Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta** | | **28** |
| | Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta | 28 |
| | Cruinnithe Boird/Cruinnithe Fochoistí Boird | 29 |
| **Aguisín C – Treoir maidir le Taifid Chuntasaíochta atá le Coimeád ag Cuideachtaí** | | **30** |
| | Córais Chuntasaíochta | 30 |
| | Córas Rialaithe Inmheánaigh | 33 |
| | Rabhadh | 33 |

# 1.0 Réamhrá

## Le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (‘Acht na gCuideachtaí’ anseo ina dhiaidh seo), rinneadh Achtanna Cuideachtaí roimhe sin a chomhdhlúthú agus a leasú. Leis an Acht, cruthaíodh cineálacha nua cuideachta agus tugadh isteach roinnt athruithe ar róil páirtithe éagsúla i ndlí na gcuideachtaí.

Leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugadh a feidhmeanna anonn le hAcht na gCuideachtaí. Le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (‘an tÚdarás’) agus forfheidhmeoidh sé anois dlí na gcuideachtaí in Éirinn.

Ceann amháin d’fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Dá réir sin, eiseoidh an tÚdarás sraith Leabhar Faisnéise ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus chun cabhrú le daoine nach gairmithe iad eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí faoin dlí.

**Baineann na Leabhair Faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis na topaicí seo a leanas:**

**Leabhar Faisnéise 1 – Treoir Aonair do Chuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí**
**Leabhar Faisnéise 7 – Creidiúnaithe**
**Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar na dualgais agus cumhachtaí iomchuí, tá faisnéis le fáil i ngach leabhar faoi na pionóis mar gheall ar mhainneachtain Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Measann an tÚdarás go bhfuil sé tábhachtach gur cheart do dhaoine aonair a bhaineann leas as tairbhí agus pribhléidí an chorpraithe a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus freagrachtaí comhfhreagracha. Tá na Leabhair Faisnéise sin ceaptha chun cur leis an bhfeasacht atá ag daoine aonair i ndáil leis na dualgais agus freagrachtaí sin.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh gach leabhar lena úsáid ag léitheoirí nach gairmithe iad chun príomhcheanglais dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh níos fusa le tuiscint.

Athdhearbhaíonn an tÚdarás nach féidir an treoir seo a fhorléiriú mar ní lena dtairgtear léiriú ar éifeachtaí dlíthiúla fhorálacha iomchuí Acht na gCuideachtaí.

Tá sé tábhachtach a lua gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil amhras ar léitheoirí faoina n-oibleagáidí dlíthiúla nó faoina gcearta, ba cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách dlí nó cuntasaíochta a iarraidh de réir mar is cuí.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí

## 2.1 Cad is Cuideachta ann?

Is é is cuideachta ann ná struchtúr dlíthiúil a gcruthaíonn duine nó daoine é chun gnólacht nó fiontar sóisialta a bhainistiú. Is eintiteas dlítheanach í, agus tá sí ar leithligh agus leithleach óna comhaltaí nó óna scairshealbhóirí aonair. Ós rud é gur eintiteas dlítheanach leithleach í cuideachta, tá an chuideachta ar leithligh, ó thaobh an dlí de, ó na daoine aonair ar leosan í agus a bhainistíonn í. Fágann sé sin, mar shampla:

- go bhféadfaidh cuideachta caingean dlí a thionscnamh ina hainm féin, seachas in ainm a húinéirí nó a bainisteoirí;
- go bhféadfar cuideachta a chur faoi réir caingean dlí ina hainm féin, seachas in ainm a húinéirí nó a bainisteoirí;
- go bhféadfaidh cuideachta conarthaí atá ina gceangal dlí a dhéanamh;
- go bhféadfaidh cuideachta sócmhainní a shealbhú as a ceart féin.

**In Éirinn, is le hAcht na gCuideachtaí agus le roinnt píosaí gaolmhara eile reachtaíochta, amhail Rialacháin ón Aontas Eorpach, a rialaítear an modh nach mór cuideachtaí a oibriú ann. Le hAcht na gCuideachtaí, leagtar an dlí amach ar bhealach soiléir, inrochtana agus struchtúrtha. Leis an Acht, sainaithnítear go soiléir na cineálacha éagsúla cuideachta a fhéadfar a bhunú, agus sainítear an dlí a bhfuil feidhm aige maidir le gach struchtúr cuideachta. Is é atá i gCodanna 1-15 d'Acht na gCuideachtaí an reachtaíocht ar fad a bhaineann leis an gcuideachta faoi theorainn scaireanna ("Teo."), atá ar an gcineál is coitianta cuideachta.**

## 2.2 Cineálacha Cuideachta

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí do roinnt cineálacha difriúla struchtúr cuideachta. Tríd is tríd, is féidir struchtúir chuideachta a aicmiú mar chuideachtaí príobháideacha nó cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta nó faoi dhliteanas neamhtheoranta.

## 2.3 Cuideachtaí Dliteanais Theoranta agus Cuideachtaí Dliteanais Neamhtheoranta

Tá gach cuideachta faoi dhliteanas iomlán i leith na bhfiach a thabhaíonn siad. Baineann an t-idirdhealú idir dliteanas teoranta agus dliteanas neamhtheoranta leis an dliteanas atá ar úinéirí na cuideachta (dá ngairtear comhaltaí nó scairshealbhóirí) i leith na bhfiach a thabhaíonn an chuideachta.

I gcás cuideachtaí atá faoi dhliteanas teoranta, níl úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas i leith fhiacha na cuideachta ach amháin suas go dtí an méid a d'aontaigh siad a ranníoc leis an gcuideachta. I gcás cuideachtaí neamhtheoranta, tá úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas i leith fhiacha na cuideachta, gan aon teorainn.

## 2.4 Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí

Is féidir le cuideachta a eisíonn scaireanna a bheith ina cuideachta phríobháideach nó ina cuideachta phoiblí. Is leis an dóigh a mbeartaíonn an chuideachta a caipiteal a chruinniú a bhaineann ceann amháin de na príomhdhifríochtaí idir cuideachtaí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha. Cé go dtoirmisctear ar chuideachta phríobháideach a scaireanna agus a bintiúir a thairiscint don phobal, féadfaidh cuideachta phoiblí a caipiteal a chruinniú trí thairiscint phoiblí scaireanna agus bintiúr de réir Acht na gCuideachtaí.

Chun cáiliú mar chuideachta phríobháideach, ní mór coinníollacha áirithe a shásamh, agus is gnéithe riachtanacha iad na gnéithe seo a leanas de ghnáth:

- tá comhalta amháin agus 149 gcomhalta ar a mhéad ag an gcuideachta[1];
- tá scairchaipiteal ag an gcuideachta;
- tá srian ann ar na cearta atá ag na comhaltaí chun a scaireanna a aistriú;
- ní thugtar cuireadh don phobal suibscríobh le haghaidh scaireanna sa chuideachta.

In imthosca áirithe, féadfaidh cuideachtaí príobháideacha teoranta díolúine a fháil ón gceanglas atá orthu a shocrú go ndéanfar a gcuntais a iniúchadh[2]. Féadfaidh siad leas a bhaint as díolúintí áirithe freisin agus faisnéis cuideachta á comhdú acu le Cláraitheoir na gCuideachtaí.

## 2.5 Struchtúir Chuideachta

Le hAcht na gCuideachtaí, déantar foráil do roinnt struchtúr difriúil cuideachta. Tá tuairisc níos mine tugtha thíos ar shaintréithe na gcineálacha cuideachtaí sin. Is iad seo a leanas na cineálacha cuideachtaí a fhéadfar a bhunú faoi Acht na gCuideachtaí:

- cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.)
- cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA), ar féidir léi:
  - a) a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó
  - b) a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal
- cuideachta phríobháideach neamhtheoranta (CNT)
- cuideachta phoiblí theoranta (CPT), ar féidir léi:
  - a) a bheith ina cuideachta infheistíochta arb é comhinfheistíocht cistí an t-aon chuspóir atá léi, nó
  - b) a bheith ina cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta) a sheolann gníomhaíocht sa Stát is gníomhaíocht atá luaite sa mheabhrán uaithi[3] (lena n-áirítear Societas Europae[4])
- cuideachta phoiblí neamhtheoranta, ar féidir léi:
  - a) a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal (CPN), nó
  - b) a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici (CPNT)
- cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR)
- cuideachta sheachtrach

1. Alt 17(4) d'Acht na gCuideachtaí.
2. Alt 360 d'Acht na gCuideachtaí.
3. Alt 1006 d'Acht na gCuideachtaí.
4. Is é is Societas Europae ann ná Cuideachta Phoiblí Theoranta Eorpach atá cláraithe in Éirinn.

### 2.5.1 Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (Teo.)

Is é seo cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna a fhoirmítear chun críche dleathaí agus ar ina leith atá dliteanas an scairshealbhóra/an chomhalta teoranta don mhéid, más ann, atá gan íoc ar na scaireanna atá cláraithe ina ainm nó ina hainm an tráth sin. Mar shampla, má shealbhaíonn duine céad scair €1 i gcuideachta, tarlóidh sé, a luaithe a bheidh an €100 íoctha, nach mbeidh an duine sin faoi aon dliteanas eile i leith fhiacha na cuideachta. Is ionann na scaireanna sa chuideachta, ar bhonn comhchoiteann, agus scairchaipiteal na cuideachta.

Tá cuid mhór tairbhí ag baint le cuideachta a chlárú mar chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, lena n-áirítear iad seo a leanas: bunreacht ar doiciméad aonair é; ní cheanglaítear uirthi clásal cuspóirí a bheith aici; stiúrthóir amháin agus rúnaí cuideachta ar leith; foráil chun idir comhalta amháin agus 149 gcomhalta a bheith aici; an rogha chun tionól cruinnithe ginearálta bliantúla a ligean thar ceal trí nósanna imeachta i scríbhinn a ghlacadh; agus gnéithe áirithe eile a bhféadfar leas a bhaint astu faoi dhlí na gcuideachtaí.

### 2.5.2 Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA)

Is ag cuideachta gníomhaíochta ainmnithe atá an stádas mar chuideachta phríobháideach, agus féadfaidh aon duine nó aon daoine a shíníonn a bunreacht agus a chomhlíonann ailt iomchuí d'Acht na gCuideachtaí í a fhoirmiú chun aon chríche dleathaí[5]. Tá bunreacht cuideachta gníomhaíochta ainmnithe i bhfoirm meabhráin agus airteagal comhlachais, agus tá clásal cuspóirí ann[6]. Maidir lena formáid, is féidir le cuideachta gníomhaíochta ainmnithe:

a) a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó

b) a bheith ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na gnéithe de chuideachta gníomhaíochta ainmnithe: féadfar cuideachta gníomhaíochta ainmnithe faoi theorainn scaireanna a bhunú agus comhalta amháin ar a laghad agus 149 gcomhalta ar a mhéad aici; ní mór do chuideachta gníomhaíochta ainmnithe beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith aici[7]; ceanglaítear ar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe cruinniú ginearálta bliantúil a thionól, má tá níos mó ná comhalta amháin aici[8]; agus féadfaidh cuideachta gníomhaíochta ainmnithe leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh agus ó dhíolúintí eile.

### 2.5.3 Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)

Is é is cuideachta neamhtheoranta ann ná cuideachta phríobháideach neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal agus a bhfoirmíonn na daoine a shíníonn an bunreacht agus a chomhlíonann ailt iomchuí d'Acht na gCuideachtaí í chun aon chríche dleathaí[9]. Is annamh a úsáidtear cuideachtaí neamhtheoranta mar chuideachtaí trádála, toisc nach bhfuil dliteanas na gcomhaltaí teoranta agus toisc, i gcás foirceanta, go bhfuil oibleagáid ar na comhaltaí fiacha uile na cuideachta a íoc.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na gnéithe de chuideachta neamhtheoranta: féadfar í a fhoirmiú gan ach comhalta amháin a bheith aici; ní mór beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith aici; ní mór di cruinnithe ginearálta bliantúla a thionól; agus, ar choinníoll nach "cuideachta neamhtheoranta ainmnithe"[10] í, ní cheanglaítear uirthi ráitis airgeadais a chur ag gabháil lena tuairisceán bliantúil[11].

5. Alt 965 d'Acht na gCuideachtaí.
6. Alt 967 d'Acht na gCuideachtaí.
7. Alt 985 d'Acht na gCuideachtaí.
8. Alt 988 d'Acht na gCuideachtaí.
9. Ailt 1231 agus 1233 d'Acht na gCuideachtaí.
10. Alt 1274 d'Acht na gCuideachtaí (arna ionadú le halt 78 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
11. Ailt 347 agus 348 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.4 Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT)

Is é is cuideachta phoiblí theoranta (CPT) ann ná cuideachta faoi theorainn scaireanna ag a bhfuil scairchaipiteal nach lú ná an t-íosmhéid údaraithe €25,000[12]. Tá bunreacht cuideachta poiblí teoranta i bhfoirm meabhráin agus airteagal comhlachais, agus tá clásal cuspóirí ann[13]. Féadfaidh sí urrúis a thairiscint agus a eisiúint don phobal agus iad a leithroinnt ar an bpobal, de réir Chuid 23 d'Acht na gCuideachtaí.

Maidir lena formáid, is féidir le Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT):

a) a bheith ina cuideachta infheistíochta arb é comhinfheistíocht cistí an t-aon chuspóir atá léi, nó

b) a bheith ina cuideachta phoiblí, seachas cuideachta infheistíochta.

Is í an phríomhghné de chuideachta phoiblí theoranta ná go bhféadfar í a bhunú agus comhalta amháin ar a laghad aici, gan aon uasteorainn ar an líon comhaltaí. Ní mór di beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith aici, agus tá dualgas ar na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil ag an duine a cheaptar mar rúnaí cuideachta an scil is gá chun an dualgas reachtúil atá air nó uirthi a chur i gcrích. Ceanglaítear ar chuideachta phoiblí theoranta cruinniú ginearálta bliantúil a thionól agus a shocrú go ndéanfar a ráitis airgeadais a iniúchadh, agus ceanglaítear ar chuideachta intrádála[14] "ráiteas rialachais chorparáidigh"[15] a chur ar áireamh ina tuarascáil stiúrthóirí.

Is é is Societas Europae ann ná an choibhéis Eorpach de chuideachta phoiblí theoranta, agus tá feidhm ag rialacha den chineál céanna ina leith[16].

### 2.5.5 Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN agus CPNT)

Is é is cuideachta phoiblí neamhtheoranta ann ná cuideachta phoiblí ar ina leith atá dliteanas na gcomhaltaí/na scairshealbhóirí neamhtheoranta agus ar ina leith, i gcás foirceanta, atá oibleagáid ar na scairshealbhóirí fiacha uile na cuideachta a íoc. Féadfar cuideachta den sórt sin a bhunú gan ach comhalta amháin a bheith aici, ach ní mór beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith aici. Ceanglaítear uirthi ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt don Chláraitheoir in éineacht lena tuairisceán bliantúil. Toirmisctear ar chuideachta phoiblí neamhtheoranta aon scaireanna nó aon urrúis eile sa chuideachta a thairiscint don phobal.

Maidir lena formáid, is féidir le Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta:

a) a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta (CPN), nó

b) a bheith ina cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici (CPNT)

### 2.5.6 Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)

Is é is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta ann ná cuideachta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici agus ar ina leith atá dliteanas na gcomhaltaí curtha, lena bunreacht, faoi theorainn cibé méid a gheallann na comhaltaí a ranníoc le sócmhainní na cuideachta i gcás foirceanta[17]. Ceanglaítear ar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta: beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith aici; cruinnithe ginearálta bliantúla a thionól; agus leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh, ar choinníoll go sásaíonn sí na coinníollacha atá sonraithe[18]. Ní fhéadfaidh cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta ar forais chreidmheasa nó gnóthais árachais iad leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh.

12. Alt 1000 d'Acht na gCuideachtaí.
13. Alt 1006 d'Acht na gCuideachtaí.
14. Cuideachta ag a bhfuil urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.
15. Alt 1373 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 82 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
16. Alt 1003 d'Acht na gCuideachtaí.
17. Alt 1176 d'Acht na gCuideachtaí.
18. Ailt 358-365 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le hailt 56 go 61 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).

### 2.5.7 Cuideachta Sheachtrach

Is é is cuideachta sheachtrach ann ná cuideachta is cuideachta de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch nó nach cuideachta de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus a bhunaíonn brainse in Éirinn. Maidir le cuideachta sheachtrach atá ag iarraidh brainse a bhunú in Éirinn, tá oibleagáid uirthi cóip dheimhnithe dá doiciméid bhunaithe a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 30 lá óna bunú[19].

## 2.6 Cuideachta a Chorprú agus a Chlárú

Tosaítear an próiseas chun cuideachta a chorprú agus a chlárú nuair a sheachadtar bunreacht chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, in éineacht le ráiteas toilithe[20] agus le dearbhú[21], de réir Acht na gCuideachtaí. Ar an mbunreacht a chlárú, deimhneoidh an Cláraitheoir i scríbhinn gur cuideachta chorpraithe í an chuideachta agus eiseoidh sé nó sí deimhniú corpraithe. Is ionann an deimhniú corpraithe agus fianaise dhochloíte go bhfuil an Chuideachta cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí[22].

Ní chláróidh an Cláraitheoir bunreacht ach amháin i gcás gur deimhin leis nó léi gur comhlíonadh na ceanglais uile atá ann i ndáil le foirm an bhunreachta faoi Acht na gCuideachtaí.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith luaite i mbunreacht na cuideachta[23]:

- ainm na cuideachta;
- an cineál cuideachta atá le clárú (i.e., cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.), cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA), cuideachta phoiblí theoranta (CPT), etc.);
- na cuspóirí (má cheanglaítear iad), ag brath ar an gcineál cuideachta;
- dliteanas na gcomhaltaí;
- scairchaipiteal na cuideachta arna roinnt de réir an lín scaireanna agus de réir luach gach scaire; Ní mór na nithe seo a leanas a bheith luaite sa Ráiteas atá le seachadadh in éineacht leis an mbunreacht[24]:
- mionsonraí faoi cén áit a mbeartaíonn an chuideachta a gnó a sheoladh agus Oifig Chláraithe na cuideachta[25], i.e., an áit ina seolfar riarachán lárnach na cuideachta de ghnáth;
- deimhniú á rá go mbeidh ag an gcuideachta stiúrthóir amháin ar a laghad[26] a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Ballstáit an Aontais Eorpaigh móide an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua);
- i gcás nach bhfuil ag an gcuideachta aon stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ceanglaítear uirthi banna dar luach €25,000 a seachadadh lena chlárú[27]. Is é cuspóir an bhanna soláthar a dhéanamh d'fhíneálacha nó pionóis áirithe a fhéadfar a fhorchur i gcás nach gcomhlíonfaidh an chuideachta dlí na gcuideachtaí agus/nó an dlí cánach;
- Foirm chomhlánaithe A1, atá ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi chlárú cuideachta a fháil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí (www.cro.ie).

Is é an modh eile ina bhféadfar cuideachta a bhunú ná cuideachta réamhchorpraithe a cheannach ó ghníomhaire um fhoirmiú cuideachtaí. Déanann gníomhairí um fhoirmiú cuideachtaí cuideachtaí a chorprú i mbulc. Díolann siad na cuideachtaí réamhdhéanta sin leis an bpobal ansin.

19. Alt 1302 d'Acht na gCuideachtaí.
20. Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí.
21. Alt 24 d'Acht na gCuideachtaí.
22. Alt 25 d'Acht na gCuideachtaí.
23. Alt 19 d'Acht na gCuideachtaí.
24. Alt 22 d'Acht na gCuideachtaí.
25. Alt 50 d'Acht na gCuideachtaí.
26. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
27. Alt 137(2) d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.7 Bunreacht Cuideachta

Leagtar amach i mbunreacht cuideachta na teorainneacha bunúsacha atá leis an modh corparáideach dlisteanach trína n-oibríonn sí, amhail rialacha gníomhaíochta, rialacha cumais, rialacha maoiniúcháin, agus rialacha inmheánacha.

Ní mór do gach cuideachta bunreacht a bheith acu, ar bunreacht é atá clóite agus sínithe ag gach sínitheoir nó atá fíordheimhnithe ar an modh forordaithe[28]. Ní mór an bunreacht cuideachta a bheith i gcomhréir leis an bhfoirm atá leagtha amach sa Sceideal iomchuí a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí nó a bheith chomh cóngarach di agus is féidir sna himthosca.

Tá sa bhunreacht de chuid cuideachta príobháidí faoi theorainn scaireanna doiciméad aonair (gan aon chlásal cuspóirí), agus beidh an bunreacht de chuid gach cineáil eile cuideachta i bhfoirm meabhráin comhlachais agus airteagal comhlachais, a bheidh i ndoiciméad amháin, dá ngairtear an "bunreacht" le chéile, i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí.

Sna sceidil anseo thíos a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí, leagtar amach an fhoirm bunreachta a cheanglaítear do na cineálacha difriúla cuideachtaí:

**Sceideal 1** – Bunreacht Cuideachta Príobháidí faoi Theorainn Scaireanna (Teo.);
**Sceideal 7** – Bunreacht Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Scaireanna (CGA);
**Sceideal 8** – Bunreacht Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Ráthaíochta (CGA);
**Sceideal 9** – Bunreacht Cuideachta Poiblí Teoranta (CPT);
**Sceideal 10** – Bunreacht Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR);
**Sceideal 11** – Bunreacht Cuideachta Príobháidí Neamhtheoranta ag a bhfuil Scairchaipiteal (CNT);
**Sceideal 12** – Bunreacht Cuideachta Poiblí Neamhtheoranta ag a bhfuil Scairchaipiteal (CPN);
**Sceideal 13** – Bunreacht Cuideachta Poiblí Neamhtheoranta nach bhfuil aon Scairchaipiteal aici (CPNT).

### 2.7.1 Meabhrán Comhlachais

Is é atá sa mheabhrán comhlachais ná an príomhdhoiciméad bunreachta trína mbaintear clárú cuideachta amach. Beidh an fhormáid i gcomhréir leis an alt iomchuí d'Acht na gCuideachtaí, agus beidh inti na ceanglais shainordaitheacha faoina bunreacht, is iad sin:

- a hainm;
- a cineál;
- a cuspóirí;
- dliteanas a comhaltaí;
- a caipiteal.

### 2.7.2 Airteagail Chomhlachais

Is é atá sna hAirteagail Chomhlachais ná na rialacha inmheánacha atá cláraithe go poiblí agus atá i bhfeidhm ag cuideachta. Ceanglaítear leo an chuideachta lena comhaltaí. Tá na rialacha caighdeánacha inmheánacha de chuid cuideachta códaithe anois in Acht na gCuideachtaí, rud lena laghdaítear an gá le hairteagail fhairsinge a bheith ag cuideachta sa bhunreacht. Féadfaidh cuideachta na hairteagail chaighdeánacha is cuí maidir leis an gcineál cuideachta atá á corprú a ghlacadh trí ráiteas a dhéanamh á rá go bhfuil na forálacha d'Acht na gCuideachtaí ceadaithe. Má ghlacann cuideachta na hairteagail chaighdeánacha atá leagtha amach in Acht na gCuideachtaí mar chuid dá bunreacht gan aon eisiaimh agus gan aon mhodhnuithe i leith na bhforálacha roghnacha, beidh feidhm ag na forálacha uile sna hairteagail chaighdeánacha, lena n-áirítear na forálacha roghnacha.

28. Alt 888 d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.8 Stiúrthóirí Cuideachta

Is iad na stiúrthóirí de chuid cuideachta na daoine a cheaptar chun an chuideachta a rialú agus a bhainistiú thar ceann na gcomhaltaí. Is iad na comhaltaí a cheapann iad de ghnáth. Ceanglaítear le dlí ar chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith aici[29]. Tá oibleagáid reachtúil ar chineálacha eile cuideachtaí beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith acu.

Ní mór do dhuine 18 mbliana déag d'aois a bheith slánaithe aige nó aici[30] chun bheith incháilithe dá cheapadh nó dá ceapadh mar stiúrthóir. Ceanglaítear fógra a thabhairt don Chláraitheoir laistigh de 14 lá faoi aon athrú i measc na stiúrthóirí[31]. Meastar gur athrú i measc na stiúrthóirí é cás ina dtiocfaidh stiúrthóir chun bheith dícháilithe faoi dhlí Stáit eile[32]. Tá na croírialacha bainistíochta inmheánaí agus na croícheanglais rialachais chorparáidigh leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.9 Rúnaí Cuideachta

Is é is rúnaí cuideachta ann ná an duine nó an chuideachta atá ceaptha de réir bhunreacht na cuideachta. Ceanglaítear ar gach cuideachta le dlí rúnaí cuideachta a bheith acu[33]. Is ionann feidhm agus dualgais an rúnaí agus meascán de na hoibleagáidí a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí agus de na dualgais sin a tharmligeann an bord stiúrthóirí chuig an rúnaí cuideachta. Tá siad de chineál riaracháin, den chuid is mó, agus tá siad teoranta dá chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí comhdúcháin atá ar an gcuideachta faoi dhlí na gcuideachtaí.

Tá sé de fhreagracht ar stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go bhfuil ag an duine a cheaptar mar rúnaí na scileanna is gá chun dualgais reachtúla agus dhlíthiúla rúnaí na cuideachta a chur i gcrích[34].

**Pléitear an rúnaí cuideachta go mion i Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta.**

## 2.10 Na Dualgais atá ar Chuideachta

Mar atá luaite roimhe seo, is eintitis dhlítheanacha leithleacha iad cuideachtaí. Fágann sé sin go bhfuil dualgais dhlíthiúla áirithe orthu. Tá na príomhdhualgais atá ar chuideachtaí mar a leanas:

- taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád[35];
- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú[36];
- a shocrú go ndéanfar iniúchadh bliantúil (faoi réir eisceachtaí);
- cláir áirithe agus doiciméid eile a choimeád;
- doiciméid áirithe a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí; agus
- cruinnithe ginearálta na cuideachta a thionól (faoi réir eisceachtaí).

29. Alt 128 d'Acht na gCuideachtaí.
30. Alt 131(1) d'Acht na gCuideachtaí.
31. Alt 149(8) d'Acht na gCuideachtaí.
32. Alt 150(1) d'Acht na gCuideachtaí.
33. Alt 129(1) d'Acht na gCuideachtaí.
34. Alt 129(4) d'Acht na gCuideachtaí.
35. Alt 281 d'Acht na gCuideachtaí.
36. Ailt 290 agus 293 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le hailt 16 agus 19 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).

### 2.10.1 An Oibleagáid chun Taifid Chuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád[37]

Ceanglaítear ar gach cuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád nó a chur faoi deara go gcoimeádfar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha. Is éard iad taifid chuntasaíochta leordhóthanacha taifid chuntasaíochta is leor:

- lena ndéantar idirbhearta na cuideachta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- lena gcumasaítear, aon tráth, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn;
- lena gcumasaítear do stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go gcomhlíonfaidh aon ráitis airgeadais de chuid na cuideachta a gceanglaítear iad a ullmhú Acht na gCuideachtaí agus, nuair is infheidhme, Airteagal 4 den Rialachán maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta[38]; agus
- lena gcumasaítear na ráitis airgeadais sin de chuid na cuideachta arna n-ullmhú amhlaidh a iniúchadh go cuí.

Ní mór na taifid chuntasaíochta a choimeád ar bhonn leanúnach comhsheasmhach. Ciallaíonn sé sin nach mór na hiontrálacha arna ndéanamh iontu a dhéanamh go tráthúil agus a bheith comhsheasmhach ó thréimhse amháin go dtí an chéad cheann eile. Más rud é nach gcoimeádfar na taifid sin trí iontrálacha a dhéanamh i leabhar ceangailte agus go gcoimeádfar iad ar mhodh eile, ní mór réamhchúraimí leormhaithe a ghlacadh in aghaidh falsú agus chun fionnadh aon fhalsaithe den sórt sin a éascú, dá dtarlódh sé[39].

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith sna taifid chuntasaíochta:

- iontrálacha ó lá go lá de na suimeanna airgid go léir a gheobhaidh agus a chaithfidh an chuideachta agus na nithe a bhfaighfear agus a gcaithfear na suimeanna ina leith;
- taifead de shócmhainní agus de dhliteanais na cuideachta;
- má bhaineann gnó na cuideachta le déileáil in earraí:
  - taifead de na hearraí go léir a ceannaíodh agus a díoladh (seachas na hearraí sin a díoladh ar airgead síos ar mhodh gnáth-thrádáil mhiondíola), ina dtaispeántar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí sách mionchruinn chun go bhféadfar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí a aithint, agus taifead de na sonraisc go léir a bhaineann le ceannacháin agus díolacháin den sórt sin; agus
  - ráitis i dtaobh stoc a shealbhóidh an chuideachta ag deireadh gach bliana airgeadais agus na taifid go léir de stocáirimh ar a bhfuil ráitis den sórt sin bunaithe;
- má bhaineann gnó na cuideachta le soláthar nó ceannach seirbhísí, taifead de na seirbhísí a soláthraíodh nó a ceannaíodh, de cé dó nó di nó dóibh a soláthraíodh iad nó cé uaidh nó uaithi nó uathu a ceannaíodh iad (mura rud é gur soláthraíodh nó gur ceannaíodh iad ar mhodh gnáth-thrádáil mhiondíola) agus de na sonraisc go léir a bhaineann leis an gcéanna.

Ba cheart na taifid chuntasaíochta a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta nó ag cibé áit eile is cuí leis na stiúrthóirí. Aon chuideachta a sháróidh ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, beidh sí ciontach i gcion de chuid earnáil 1 nó 2[40].

37. Alt 281 d'Acht na gCuideachtaí.
38. Ciallaíonn "an Rialachán maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta" Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002, agus baineann Airteagal 4 le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna.
39. Alt 282(2) d'Acht na gCuideachtaí.
40. Alt 286 d'Acht na gCuideachtaí (tá Cionta mínithe i Rannán 3 den leabhar seo).

I gcás nach bhfuil cuideachta atá á foirceannadh in ann a fiacha go léir a íoc agus go ndearna sí sárú ar aon cheann d'ailt 281 go 285 (i.e., an ceanglas chun taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád) agus go measfaidh an Chúirt, maidir leis an sárú sin, go raibh sé ina chionchúis le neamhábaltacht na cuideachta a fiacha a íoc, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ón leachtaitheoir nó ó aon chreidiúnaí, a dhearbhú go mbeidh aon oifigeach nó iaroifigeach amháin nó níos mó de chuid na cuideachta faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha na cuideachta[41].

Tugtar in Aguisín C treoir maidir leis na híostaifid chuntasaíochta, etc., ar cheart do chuideachtaí iad a choimeád.

### 2.10.2 An Dualgas chun Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú[42]

Tríd is tríd, ceanglaítear ar chuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn bliantúil. Ullmhaítear na ráitis airgeadais bhliantúla ón bhfaisnéis atá i dtaifid chuntasaíochta[43] na cuideachta agus ó fhaisnéis iomchuí eile. Is gnách go mbíonn na nithe seo a leanas sna ráitis airgeadais, a gceanglaítear orthu 'léargas fíorcheart'[44] a thabhairt – is le dlí a cheanglaítear roinnt de na nithe sin a sholáthar, agus is le caighdeáin chuntasaíochta a cheanglaítear cinn eile a sholáthar:

- Cuntas brabúis agus caillteanais: is ráiteas é seo faoi fheidhmíocht na cuideachta, ina léirítear ioncam, caiteachais, gnóthachain agus caillteanais na cuideachta le linn tréimhse ar mhodh a cheanglaítear leis an gcreat tuairiscithe airgeadais a ghlac an chuideachta;
- Clár comhardaithe: is ráiteas é seo faoi shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais, a tharraingítear suas ag dáta ar leith agus ar a léirítear sócmhainní, dliteanais agus cothromas na cuideachta ag an bpointe ama sin;
- Ráiteas faoi shreabhadh airgid: is ráiteas é seo faoi insreafaí agus eis-sreafaí airgid na cuideachta thar thréimhse ama. Ní ceanglas dlíthiúil é ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú. Is ceanglas faoi chaighdeáin chuntasaíochta é, áfach. Mar sin féin, ní cheanglaítear ar chuideachtaí 'beaga' ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú. Tá na critéir chun cáiliú mar chuideachta 'bheag' leagtha amach in Aguisín A;
- Beartais chuntasaíochta; Ceanglaítear ar chuideachta breac-chuntas a thabhairt sna nótaí leis na ráitis airgeadais ar na beartais chuntasaíochta[45] a ghlac an chuideachta chun a chinneadh cé na míreanna agus na méideanna atá le cur ar áireamh ina cuntas brabúis agus caillteanais agus ina clár comhardaithe. I gcás go n-athraíonn cuideachta a beartais chuntasaíochta, ní mór di an t-athrú, an chúis leis an athrú, agus an tionchar a bhí ag an athrú ar ráitis airgeadais na bliana reatha agus na bliana roimhe a nochtadh[46];
- Nótaí leis na ráitis airgeadais: tá sna nótaí seo faisnéis níos mine faoi na figiúirí atá le feiceáil sa chuntas brabúis agus caillteanais, sa chlár comhardaithe, nó sa ráiteas faoi shreabhadh airgid, e.g., anailís ar shócmhainní seasta agus ar dhímheas, anailís ar an bhfigiúr creidiúnaithe, etc.; agus
- Tuarascáil Stiúrthóirí: Tá oibleagáid ar na stiúrthóirí de chuid cuideachta tuarascáil[47] a ullmhú gach bliain airgeadais do na comhaltaí. Sa tuarascáil, ba cheart déileáil le nithe ginearálta na cuideachta, athbhreithniú gnó, faisnéis faoi fháil nó diúscairt scaireanna, agus faisnéis iomchuí iniúchta.
  **Pléitear tuarascáil na stiúrthóirí go mion i Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta.**

I gcás cuideachtaí a gceanglaítear orthu ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, ceanglaítear orthu freisin cóip iomlán de na ráitis airgeadais sin a thabhairt do gach comhalta den chuideachta.

41. Alt 609 d'Acht na gCuideachtaí.
42. Ailt 290 agus 293 d'Acht na gCuideachtaí.
43. Alt 282 d'Acht na gCuideachtaí.
44. Alt 291(2) d'Acht na gCuideachtaí (Féach Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi cad is léargas fíorcheart ann).
45. Alt 321 d'Acht na gCuideachtaí.
46. Alt 321(3) d'Acht na gCuideachtaí.
47. Alt 325 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.10.3 An oibleagáid chun a shocrú go ndéanfar Ráitis Airgeadais Reachtúla a Iniúchadh[48]

Tá oibleagáid ar na stiúrthóirí de chuid cuideachta a shocrú go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta a iniúchadh, mura rud é go bhfuil an chuideachta i dteideal, agus go roghnaíonn sí, leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh. Is é is iniúchadh ann ná scrúdú neamhspleách a dhéanann saineolaí neamhspleách (iniúchóir) ar na ráitis airgeadais. Tar éis dó nó di scrúdú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear ar an iniúchóir tuarascáil a thabhairt do na comhaltaí den chuideachta. Sa tuarascáil sin, ceanglaítear ar an iniúchóir teacht ar thuairim ar roinnt nithe, lena n-áirítear, mar shampla, cibé acu a thugtar nó nach dtugtar leis na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid bhunúsacha chuntasaíochta. **Pléitear a bhfuil i dtuarascálacha iniúchóirí go mion i Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí.**

#### Díolúine ó Iniúchadh[49]

Díolmhaítear cuideachtaí beaga áirithe ón gceanglas atá ann a shocrú go ndéanfar a ráitis airgeadais reachtúla a iniúchadh, ar choinníoll go sásaíonn siad na coinníollacha cáiliúcháin agus nach eintiteas neamh-incháilithe[50] ná eintiteas eisiata[51] iad. Maidir leis na coinníollacha cáiliúcháin atá bunaithe ar chritéir mhéide amháin[52] le haghaidh leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh, sásaíonn cuideachta iad i ndáil le bliain airgeadais ina gcomhlíonann sí dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

Micreachuideachta:

- ní mó ná €700,000 láimhdeachas na cuideachta
- ní mó na €350,000 iomlán an chláir comhardaithe
- ní mó ná deichniúr an meánlíon fostaithe

Cuideachta Bheag:

- ní mó ná €12 mhilliún láimhdeachas na cuideachta
- ní mó na €6 mhilliún iomlán an chláir comhardaithe
- ní mó ná 50 duine an meánlíon fostaithe Grúpa Beag:
- ní mó ná €12 mhilliún láimhdeachas comhiomlán glan an ghrúpa (nó ní mó ná €14.4m láimhdeachas comhiomlán comhlán an ghrúpa)
- ní mó na €6 mhilliún iomlán chlár comhardaithe comhiomlán glan an ghrúpa (nó ní mó ná €7.2m iomlán chlár comhardaithe comhiomlán comhlán an ghrúpa)
- ní mó ná 50 duine meánlíon comhiomlán fostaithe an ghrúpa.

Féadfaidh cuideachta bheag nó micreachuideachta leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh i leith a ráiteas airgeadais reachtúil do bhliain airgeadais ar leith más rud é go sásaíonn an chuideachta na critéir cháiliúcháin agus nach cuideachta neamh-incháilithe ná cuideachta eisiata í. Is de réir alt 280A go 280E d’Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), a chinntear cé acu a cháilíonn cuideachta mar chuideachta bheag, mar ghrúpa beag nó mar mhicreachuideachta.

48. Alt 333 d’Acht na gCuideachtaí.
49. Alt 360 d’Acht na gCuideachtaí.
50. Alt 275 d’Acht na gCuideachtaí.
51. Alt 280A(4), 280B(5) agus 280D(4) d’Acht na gCuideachtaí, agus Sceideal 5 a ghabhann leis.
52. Alt 280A, 280B agus 280D d’Acht na gCuideachtaí.

Ní cháilíonn “cuideachta sealbhaíochta” mar chuideachta bheag i ndáil le bliain airgeadais ach amháin má cháilíonn an grúpa, arb í an chuideachta sealbhaíochta ina leith í, mar ghrúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais chéanna[53]. Ní bheidh aon fheidhm aige sin maidir le cuideachta sealbhaíochta más eintiteas neamh-incháilithe[54] nó eintiteas eisiata[55] é aon chomhalta den ghrúpa.

Féadfaidh cuideachtaí díomhaoine leas a bhaint as díolúine “speisialta” ó iniúchadh de réir alt 365 d’Acht na gCuideachtaí.

I dteannta na gcoinníollacha cáiliúcháin, ní mór don chuideachta a tuairisceán bliantúil agus a ráitis airgeadais a bheith comhdaithe aici in am don bhliain reatha agus don bhliain roimhe araon le Cláraitheoir na gCuideachtaí[56]. Ní bheidh cuideachta a mhainnigh an ceanglas sin a chomhlíonadh i dteideal leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh ar feadh dhá bhliain tar éis an tsáraithe[57].

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, maidir le cuideachta atá i dteideal díolúine ó iniúchadh a fháil agus a roghnaíonn leas a bhaint as an díolúine sin, atá oibleagáid uirthi fós taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád nó a chur faoi deara go gcoimeádfar na taifid sin, ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, na ráitis airgeadais a leagan faoi bhráid na gcomhaltaí, agus comhdú de réir mar is cuí leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO).

### 2.10.4 An Dualgas atá ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamhairgeadais a Nochtadh[58]

Ceanglaítear ar chuideachtaí móra,[59] ar ghrúpaí agus ar ghnóthais faisnéis neamhairgeadais a nochtadh agus a fhoilsiú, gach bliain airgeadais, in alt sonrach den tuarascáil stiúrthóirí uathu nó i ráiteas ar leith. Is í an fhaisnéis a cheanglaítear ná na beartais a chuireann an chuideachta chun feidhme i ndáil leis na nithe seo a leanas: cosaint an chomhshaoil; freagracht shóisialta agus caitheamh le fostaithe; urraim do chearta an duine; agus breabaireacht agus frithéilliú.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar chuideachtaí intrádála móra faisnéis faoi éagsúlacht ar a mbord (i dtéarmaí aoise, inscne, oideachais, agus cúlra ghairmiúil) a nochtadh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh[60] uathu.

Is cion é gan an ceanglas atá ann faisnéis neamhairgeadais a nochtadh a chomhlíonadh. Aon duine a gheofar ciontach i gcion den sórt sin, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi. Tá mionsonraí faoi phionóis faoi Acht na gCuideachtaí tugtha i gCuid 3.0 den leabhar seo.

53. Alt 280B d’Acht na gCuideachtaí.
54. Alt 275 d’Acht na gCuideachtaí.
55. Alt 280D(4) d’Acht na gCuideachtaí, agus Sceideal 5 a ghabhann leis.
56. Alt 343 d’Acht na gCuideachtaí.
57. Ailt 363 agus 364 d’Acht na gCuideachtaí.
58. Treoir 2014/95/AE, arna cur chun feidhme in Éirinn le I.R. Uimh. 360 de 2017, arna leasú le I.R. Uimh. 410 de 2018.
59. Alt 280H d’Acht na gCuideachtaí.
60. Alt 1373 d’Acht na gCuideachtaí.

## 2.10.5 An Dualgas chun Cláir Áirithe agus Doiciméid Eile a Choimeád

Ceanglaítear ar gach cuideachta le hAcht na gCuideachtaí cláir áirithe agus doiciméid eile a choimeád. Is iad seo a leanas na cláir agus na doiciméid sin:

### Clár Comhaltaí[61]

Tá oibleagáid ar gach cuideachta clár a choimeád dá comhaltaí agus na sonraí seo a leanas a iontráil ann:

- ainmneacha na gcomhaltaí;
- seoltaí na gcomhaltaí;
- ráiteas ar na scaireanna atá i seilbh ag gach comhalta, ina n-aithnítear gach scair as a huimhir (más ann) agus an méid a íocadh nó a comhaontaíodh a íoc ar na scaireanna;
- an dáta a taifeadadh gach duine sa chlár; agus
- an dáta a scoir gach duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta.

Meastar gur chomhaontaigh na sínitheoirí le bunreacht cuideachta le teacht chun bheith ina gcomhaltaí den chuideachta ar a clárú, agus taifeadtar a n-ainm mar chomhaltaí ina clár comhaltaí.

Ceanglaítear ar an gcuideachta fógra a thabhairt don Chláraitheoir faoi cén áit a gcoimeádtar an clár agus an clár a chur ar fáil chun a iniúchta ag aon duine den phobal[62]. Ní mór an clár a choimeád ag ceann amháin de na suíomhanna seo a leanas: (a) oifig chláraithe na cuideachta; (b) a príomháit ghnó laistigh den Stát; nó (c) áit eile laistigh den Stát.

### An Clár um Úinéireacht Thairbhiúil

Le hAirteagal 30 den 4ú Treoir ón Aontas Eorpach maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac[63], ceanglaítear ar gach Ballstát den Aontas clár um úinéireacht thairbhiúil a bheith acu le haghaidh eintitis chorparáideacha agus dhlítheanacha.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil ceanglas reachtúil ar gach eintiteas corparáideach agus dlítheanach faisnéis leordhóthanach, chruinn agus reatha a choimeád ar a gclár úinéirí tairbhiúla féin.

Seo a leanas achoimre ar an bhfaisnéis a gceanglaítear ar an gcuideachta í a shealbhú ar a clár úinéirí tairbhiúla féin[64]:

- ainm, dáta breithe, náisiúntacht agus seoladh cónaithe gach úinéara thairbhiúil (ní mór duine nádúrtha a bheith san úinéir tairbhiúil);
- ráiteas faoi chineál agus méid an leasa a shealbhaíonn gach úinéir tairbhiúil den sórt sin ar an gcuideachta;
- an dáta a taifeadadh gach duine nádúrtha sa chlár mar úinéir tairbhiúil ar an gcuideachta; agus
- an dáta a scoir gach duine nádúrtha de bheith ina úinéir tairbhiúil nó ina húinéir tairbhiúil ar an gcuideachta.

61. Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí.
62. Alt 216 d'Acht na gCuideachtaí.
63. Treoir (AE) 2015/849. Ba le hIonstraim Reachtúil Uimh. 560 de 2016 a trasuíodh i ndlí na hÉireann an ceanglas seo atá ar eintitis dhlítheanacha agus chorparáideacha a gclár úinéirí tairbhiúla féin a shealbhú, agus tháinig an ceanglas sin i bhfeidhm an 15 Samhain 2016.
64. Rialachán 5 de I.R. Uimh. 110 de 2019.

## Úinéireacht Thairbhiúil – Clár Lárnach

I dteannta na gclár úinéirí tairbhiúla de chuid eintiteas corparáideach, ceanglaítear freisin leis an 4ú Treoir ón Aontas Eorpach maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac ar gach Ballstát den Aontas clár lárnach (poiblí) um úinéireacht thairbhiúil a bheith acu le haghaidh eintitis chorparáideacha agus dhlítheanacha. Tá Cláraitheoir na gCuideachtaí freagrach as an gclár lárnach (poiblí) a bhunú agus a chothabháil. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chláir úinéirí tairbhiúla, tabhair cuairt ar www.cro.ie.

### Clár Stiúrthóirí[65]

Ceanglaítear an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa chlár seo maidir le gach duine de stiúrthóirí na cuideachta:

- túsainm agus sloinne faoi láthair agus aon seantúsainm agus seansloinne;
- dáta breithe;
- seoladh na gnátháite cónaithe;
- náisiúntacht;
- an tslí ghnó, más ann; agus
- mionsonraí faoi aon stiúrthóireachtaí eile atá ag an stiúrthóir faoi láthair nó a bhí aige nó aici sna cúig bliana roimh an gceapachán ar chuideachtaí a corpraíodh sa Stát nó in áit eile.

### Clár Rúnaithe, lena n-áirítear rúnaithe cúnta agus leasrúnaithe[66]

Ceanglaítear an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar áireamh sa chlár i leith rúnaí cuideachta ar duine aonair é nó í:

- túsainm agus sloinne faoi láthair agus aon seantúsainm agus seansloinne;
- dáta breithe; agus
- seoladh na gnátháite cónaithe;

Ceanglaítear ar rúnaí ar comhlacht corpraithe é nó í an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

- ainm an chomhlachta chorpraithe;
- seoladh a oifige cláraithe;
- an clár ina bhfuil sé cláraithe; agus
- an uimhir faoina bhfuil sé cláraithe sa chlár sin.

Ceanglaítear ar an gcuideachta an clár stiúrthóirí agus an clár rúnaithe a chur ar fáil chun a n-iniúchta ag aon chomhalta saor in aisce agus chun a n-iniúchta ag an bpobal ar an táille iomchuí a íoc.

### Clár Leasanna Stiúrthóirí agus Rúnaithe[67]

Ceanglaítear ar chuideachta clár leasanna a choimeád dá stiúrthóirí agus dá rúnaithe. Ba cheart cineál agus méid na leasanna atá ag gach stiúrthóir agus rúnaí in aon scaireanna nó bintiúir a bheith liostaithe sa chlár in ord cróineolaíoch, agus ba cheart líon agus méid na leasanna sin agus tuairisc orthu a bheith leagtha amach ann a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- an chuideachta;
- cuideachta sealbhaíochta na cuideachta, i.e., máthairchuideachta;
- fochuideachta de chuid na cuideachta, i.e., cuideachta ar leis an gcuideachta í; agus
- fochuideachta eile de chuid na cuideachta sealbhaíochta, i.e., comhchuideachta.

65. Alt 149 d'Acht na gCuideachtaí.
66. Alt 149(5) d'Acht na gCuideachtaí.
67. Alt 267 d'Acht na gCuideachtaí.

Ceanglaítear ar chuideachta an clár a chur ar fáil chun a iniúchta ag aon chomhalta nó sealbhóir bintiúr de chuid na cuideachta. Is ar na stiúrthóirí agus ar an rúnaí atá an fhreagracht as fógra i scríbhinn a thabhairt don chuideachta faoina leas in-nochta[68].

### Duine Cláraithe[69]

Le hAcht na gCuideachtaí, ceadaítear don bhord stiúrthóirí ar chuideachta aon duine a údarú chun cuideachta a chur faoi cheangal. Ní mór fógra a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí faoi aon údarú den sórt sin, ar duine é nó í a chláróidh an t-údarú. Faoi Acht na gCuideachtaí, gairtear "duine cláraithe" d'aon duine a údaraítear amhlaidh i gcás go gcláraítear an t-údarú. Leanfar leis an duine sin a mheas mar dhuine cláraithe mura rud é go dtabharfaidh agus go dtí go dtabharfaidh an chuideachta fógra i dtaobh an chealaithe don Chláraitheoir.

### Clár Sealbhóirí Bintiúr[70]

I dtéarmaí ginearálta, is é is bintiúr ann ná iasacht a thugtar do chuideachta i bhfoirm scríofa. Ceanglaítear ar gach cuideachta a eisíonn bintiúir clár sealbhóirí bintiúr a chothabháil. Ceanglaítear mionsonraí a bheith sa chlár faoi ainm agus seoladh gach sealbhóra bintiúr agus an méid atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici. Ceanglaítear ar an gcuideachta fógra a thabhairt don Chláraitheoir faoi shuíomh an chláir agus an clár a chur ar fáil chun a iniúchta ag aon duine den phobal.

### Leabhair Miontuairiscí

Ceanglaítear ar gach cuideachta leabhar miontuairiscí a choimeád ina n-iontráiltear imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta[71], mar aon le téarmaí na rún uile a ritear. Ba cheart cruinneas na miontuairiscí ar gach cruinniú a dheimhniú trí shíniú ó chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí.

Ceanglaítear na leabhair ina bhfuil miontuairiscí ar imeachtaí aon chruinnithe ghinearálta a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta nó ag seoladh eile laistigh den Stát, agus ceanglaítear iad a chur ar fáil chun a n-iniúchta ag aon chomhalta den chuideachta.

Mar an gcéanna, ní mór do chuideachta leabhar miontuairiscí a choimeád ar gach cruinniú den bhord stiúrthóirí agus ar gach cruinniú d'aon fhochoistí de chuid an bhoird[72].

Cé nach bhforordaítear le hAcht na gCuideachtaí an fhaisnéis ba cheart a thaifeadadh sna miontuairiscí, leagtar amach in Aguisín B, chun críocha léiritheacha, an cineál faisnéise ba cheart a chur ar áireamh iontu mar ní dea-chleachtais.

### Conarthaí Seirbhíse Stiúrthóirí[73]

Ceanglaítear ar chuideachtaí faisnéis áirithe a choimeád maidir le conarthaí seirbhíse stiúrthóirí (i.e., conarthaí fostaíochta stiúrthóirí). Tá na ceanglais ina leith sin mar a leanas:

- i gcás stiúrthóir a bhfuil a chonradh seirbhíse nó a conradh seirbhíse i scríbhinn, cóip den chonradh;
- i gcás stiúrthóra nach bhfuil a chonradh seirbhíse nó a conradh seirbhíse i scríbhinn, meabhrán scríofa ina leagfar amach téarmaí an chonartha;
- i gcás gach stiúrthóra atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse le fochuideachta don chuideachta, cóip den chonradh nó meabhrán scríofa ina leagfar amach téarmaí an chonartha;
- cóip nó meabhrán scríofa, de réir mar a bheidh, d'aon athrú ar aon chonradh seirbhíse dá dtagraítear sna trí phointe le hurchair roimhe.

68. Alt 261 d'Acht na gCuideachtaí.
69. Alt 39 d'Acht na gCuideachtaí.
70. Alt 1121 d'Acht na gCuideachtaí.
71. Alt 199 d'Acht na gCuideachtaí.
72. Alt 166 d'Acht na gCuideachtaí.
73. Alt 154 d'Acht na gCuideachtaí.

Ceanglaítear ar an gcuideachta fógra a thabhairt don Chláraitheoir faoi cén áit a gcoimeádtar na doiciméid sin agus iad a chur ar fáil chun a n-iniúchta ag aon chomhalta de chuid na cuideachta.

#### Cóipeanna d'Ionstraimí lena mBunaítear Muirir ar Mhaoin Cuideachtaí[74]

Ceanglaítear ar chuideachtaí cóipeanna de gach ionstraim lena mbunaítear muirear ar mhaoin cuideachta a choimeád, ag suíomh laistigh den Stát. Ciallaíonn "muirear" morgáiste nó cineál eile urrúis dhlíthiúil a bhunaítear ar leas in aon mhaoin, sócmhainn nó gnóthas de chuid na cuideachta. Ní mór gach muirear a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí freisin. Ceanglaítear cóipeanna de na doiciméid sin a chur ar fáil chun a n-iniúchta ag aon chomhalta nó creidiúnaí de chuid na cuideachta[75].

#### Conarthaí le haghaidh a Scaireanna Féin a Cheannach[76]

Ceanglaítear ar gach cuideachta a dhéanann conradh le haghaidh a scaireanna féin a cheannach cóip den chonradh a choimeád ag a hoifig chláraithe nó, i gcás nach mbeidh an conradh i scríbhinn, meabhrán ar théarmaí an idirbhirt a choimeád. Ní mór an conradh a choimeád go dtí go mbeidh 10 mbliana caite[77] tar éis an dáta a bheidh an conradh comhlíonta go hiomlán. Ceanglaítear ar chuideachta na doiciméid chonartha a chur ar fáil le linn uaireanta gnó chun a n-iniúchta[78] ag gach comhalta den chuideachta agus, más cuideachta phoiblí theoranta í an chuideachta, ag aon duine den phobal.

#### Clár fáltas aonair agus grúpfháltas (níl feidhm aige seo ach amháin maidir le cuideachtaí poiblí teoranta (CPTanna)[79]

Ceanglaítear ar aon duine a fhaigheann leas i scaireanna atá cothrom le 3% nó níos mó de na scaireanna uile i gcuideachta phoiblí theoranta fógra a thabhairt don chuideachta faoin leas sin[80]. Tá oibleagáid ar CPT clár a choimeád d'fháltais aonair agus grúpfháltais de scaireanna na cuideachta, trí ainm an duine, an fhaisnéis iomchuí agus dáta na hiontrála a iontráil sa chlár.

### 2.10.6 An Dualgas chun Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí

Ceanglaítear ar chuideachtaí le dlí doiciméid áirithe a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ceanglaítear ar gach cuideachta roinnt doiciméad a chomhdú gach bliain, amhail tuairisceán bliantúil, agus ní cheanglaítear doiciméid eile a chomhdú ach amháin in imthosca áirithe, mar shampla i gcás athrú stiúrthóra. Is féidir cuid mhór doiciméad a chomhdú leis an gCláraitheoir trí mhodhanna leictreonacha anois. Chun comhdú leictreonach a éascú, cuireadh deireadh leis an gceanglas a bhí ann roimhe sínithe bunaidh (scríofa) ar dhoiciméid a chur i gceangal le tuairisceáin bhliantúla, agus féadfar sínithe clóchurtha a sholáthar anois. Tá tuilleadh faisnéise faoi chomhdú leictreonach ar fáil ó shuíomh Gréasáin an Chláraitheora (www.cro.ie).

Tar éis iad a chomhdú leis an gCláraitheoir, is doiciméid phoiblí a bheidh sna doiciméid sin, agus beidh siad ar fáil chun a n-iniúchta ag aon duine den phobal ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Is leagtha amach thíos atá liosta de na doiciméid is coitianta a gceanglaítear iad a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Maidir le doiciméid eile nach gceanglaítear iad a chomhdú ach amháin in imthosca sonracha, tagraítear dóibh in áiteanna eile sa treoir seo, nuair is iomchuí.

74. Alt 418 d'Acht na gCuideachtaí.
75. Alt 216(10) d'Acht na gCuideachtaí.
76. Alt 105 d'Acht na gCuideachtaí.
77. Alt 112 d'Acht na gCuideachtaí.
78. Alt 112(2) d'Acht na gCuideachtaí.
79. Alt 1061 d'Acht na gCuideachtaí.
80. Alt 1049 d'Acht na gCuideachtaí.

*Na doiciméid is coitianta a gceanglaítear iad a chomhdú leis an gCláraitheoir:*

- tuairisceán bliantúil (féach Aguisín A);
- athrú ar oifig chláraithe;
- fógra maidir le méadú ar chaipiteal ainmniúil (údaraithe);
- athrú ar stiúrthóir agus/nó rúnaí nó ar a shonraí nó a sonraí;
- dearbhú á rá gur scoir duine de bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí;
- dearbhú á rá gur údaraíodh duine chun an chuideachta a chur faoi cheangal;
- fógra maidir le morgáiste nó muirear a chruthú;
- meabhrán maidir le muirear a shásamh;
- gnáthrún (féach Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí chun tuilleadh faisnéise a fháil).

## 2.10.7 An Dualgas chun Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól

Ceanglaítear ar chuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól gach bliain féilire[81]. Féadfaidh cuideachtaí áirithe (amhail "cuideachta comhalta aonair"[82] agus cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.)[83]) tionól CGB a ligean thar ceal; i gcás cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna[84], ceadaítear é sin i gcás go síníonn na comhaltaí uile atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú rún scríofa chuige sin roimh an dáta is déanaí le haghaidh an cruinniú a thionól. Is sa Stát a thionólfar an CGB de ghnáth, ach amháin i gcás go dtabharfaidh na comhaltaí uile atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú toiliú i scríbhinn lena thionól lasmuigh den Stát. Ceanglaítear fógra 21 lá ar a laghad[85] a thabhairt le haghaidh CGB a ghairm.

Gairtear "cruinnithe ginearálta urghnácha (CGUnna)"[86] de na cruinnithe ginearálta uile de chuid cuideachta, seachas an cruinniú ginearálta bliantúil. Féadfaidh na stiúrthóirí de chuid cuideachta CGU a chomóradh aon uair is cuí leo. Féadfaidh comhalta, nó comhaltaí, a shealbhaíonn 50% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta CGU a chomóradh freisin (féadfar an líon sin a athrú i mbunreacht na cuideachta). Féadfaidh comhaltaí a shealbhaíonn 10% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta iarraidh ar na stiúrthóirí CGU a chomóradh. Is gnách go gcomórtar CGUnna chun déileáil le gnó speisialta de chuid na cuideachta. Ceanglaítear fógra 7 lá ar a laghad a thabhairt le haghaidh GCU a ghairm[87].

**Pléitear an topaic seo go mion i Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí.**

81. Alt 175 d'Acht na gCuideachtaí.
82. Alt 196 d'Acht na gCuideachtaí.
83. Féadfaidh cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna nósanna imeachta scríofa a chur in ionad CGB, faoi alt 175(3) d'Acht na gCuideachtaí.
84. Alt 175(3) d'Acht na gCuideachtaí.
85. Alt 181 d'Acht na gCuideachtaí.
86. Alt 177 d'Acht na gCuideachtaí.
87. Alt 181 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.10.8 An Dualgas chun Coiste Iniúchóireachta a Bhunú[88]

Ceanglaítear ar Chuideachtaí Poiblí Teoranta (CPTanna) Coiste Iniúchóireachta a bhunú beag beann ar iomlán a gcláir comhardaithe ná a láimhdeachas[89].

Ní mór don bhord stiúrthóirí ar chuideachtaí iomchuí[90] a chinneadh cé acu a bhunóidh nó nach mbunóidh siad coiste iniúchóireachta. Ní mór an cinneadh uathu a thuairisciú i ráitis airgeadais na cuideachta agus, más rud é gur chinn an chuideachta gan Coiste Iniúchóireachta a bhunú, ní mór di an chúis leis an gcinneadh sin a lua.

Cuimseoidh an Coiste Iniúchóireachta de chuid cuideachta stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách amháin ar a laghad agus stiúrthóir amháin atá inniúil ar chuntasaíocht nó ar iniúchóireacht. Áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí atá ar an gcoiste iniúchóireachta, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

- faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais;
- faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh, iniúchóireachta inmheánaí agus bainistithe priacail na cuideachta;
- faireachán a dhéanamh ar an iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta; agus,
- athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí reachtúla, agus go háirithe ar sholáthar seirbhísí breise don chuideachta.

## 2.11 Cumhachtaí Cuideachtaí

Is sainithe i gclásal cuspóirí an bhunreachta atá an cumas atá i gcuideachtaí seachas cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna. Is leagtha amach ina bunreacht atá an cumas atá i gcuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna. Mar sin féin, ní fhéadfar aon ghníomh atá déanta ag cuideachta a cheistiú ar an bhforas nach raibh cumas inti de bhíthin aon rud ina cuspóirí nó ina bunreacht.

Féadfaidh comhalta de chuideachta (seachas cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna) imeachtaí a thionscnamh chun srian a chur ar an gcuideachta aon ghníomhaíocht atá thar a cumas a ghabháil de láimh. Tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí urraim a thabhairt d'aon teorainn ar a gcumhachtaí, mar atá leagtha amach i mbunreacht na cuideachta.

88. Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí.
89. Alt 1097 d'Acht na gCuideachtaí.
90. Tá cuideachta iomchuí mínithe in alt 167 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 9 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017) mar chuideachta ar mhó iomlán a cláir comhardaithe ná €25 mhilliún agus ar mhó a láimhdeachas ná €50 milliún sa dá bhliain airgeadais roimhe nó mar chuideachta ag a bhfuil foghnóthas amháin nó níos mó a chomhlíonann na critéir sin le chéile.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla

### Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt

Faoi Acht na gCuideachtaí, déantar foráil do dhá chineál ciona choiriúla, eadhon cionta achoimre agus cionta indíotáilte. Is gnách gur de chineál níos neamh-thromchúisí atá cion achomair agus déantar é a thriail os comhair breithimh agus ní dhéantar é a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche. Is gnách gur de chineál níos tromchúisí atá cionta indíotáilte. Faoi mar atá amhlaidh i gcás cionta achoimre, ní fhéadfar cionta indíotáilte a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche agus os comhair breithimh. Is í an difríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte, áfach, ná gurb amhlaidh, mar gheall ar an gcineál níos tromchúisí atá ag gabháil leo, a fhéadfar cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Chuarda, i.e., os comhair breithimh agus giúiré. I gcás go ndéantar amhlaidh, deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, is gnách go mbíonn na pionóis dá bhforáiltear leis an dlí ar chiontú i bhfad níos airde ná mar a bheadh na pionóis dá mba rud é gur ionchúisíodh an cion go hachomair.

Faoi alt 871 d'Acht na gCuideachtaí, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo a sonrófar gur cion de chuid earnáil 1 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A[91] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Go ginearálta, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 2 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 3 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 4 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A a chur air nó uirthi.

Féadfaidh an Chúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhearbhú nó a thaifeadadh an duine ciontaithe a ordú chun an sárú a leigheas[92].

91. Ciallaíonn "fíneáil de chuid aicme A" agus an méid seo á fhoilsiú fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha, 2010).
92. Alt 872 d'Acht na gCuideachtaí.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, áfach, do smachtbhannaí i bhfad níos airde i ndáil le cionta áirithe, amhail:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[93] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoin dlí maidir le trédhearcacht (margaí rialáilte)[94];
- An Treoir Réamheolaire[95] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi Dhlí Réamheolaire na hÉireann[96];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh[97] – fíneáil nach mó ná €10 milliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid mhargaidh[98].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliú

De bhreis ar fhíneálacha agus pionóis mar gheall ar chionta coiriúla, tá forálacha ann freisin maidir le smachtbhannaí eile faoi Acht na gCuideachtaí, amhail dícháiliú agus srian.

Ciallaíonn "dícháiliú" duine a bheith dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir, nó chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta[99].

Féadfar duine a dhícháiliú:

a) trí Ordú Dícháilíochta ón gcúirt; nó

b) trí ghlacadh le Gealltanas maidir le Dícháiliú – áit a nglacann an duine leis go gcuirfear faoi dhícháiliú é nó í trí ghlacadh le gealltanas forordaithe maidir le dícháiliú agus trí é a shíniú.

### Dícháiliú Uathoibríoch[100]

Dícháilíonn an chúirt duine go huathoibríoch má chiontaítear an duine sin ar díotáil:

- in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile, de réir mar a bheidh forordaithe, i ndáil le cuideachta; nó
- in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Beidh aon duine a ndícháilíonn an chúirt é nó í faoi réir ordú dícháilíochta ar feadh tréimhse cúig bliana nó ar feadh cibé tréimhse eile a shonróidh an chúirt. Tá oibleagáid ar an gcúirt mionsonraí faoin ordú dícháilíochta a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun go gcuirfear na mionsonraí arna soláthar ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[101].

Féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna freisin ar dhícháiliú aon duine ar roinnt foras[102], lena n-áirítear:

- é nó í a bheith ciontach in dhá chion nó níos mó i ndáil le cionta a bhaineann le taifid chuntasaíochta (alt 286);
- é nó í a bheith ciontach i mainneachtainí rialta faoi Acht na gCuideachtaí;
- é nó í a bheith ciontach i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta agus é nó í ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuideachta.

93. Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE), 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.
94. Alt 1382 d'Acht na gCuideachtaí.
95. Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
96. Alt 1356 d'Acht na gCuideachtaí.
97. Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2014/57/AE), 2016 – I.R. Uimh. 349 de 2016 (arna leasú le I.R. Uimh. 11 de 2017 agus le I.R. Uimh. 375 de 2017).
98. Alt 1368 d'Acht na gCuideachtaí.
99. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
100. Alt 839 d'Acht na gCuideachtaí.
101. Ailt 863 agus 864 d'Acht na gCuideachtaí.
102. Alt 842 d'Acht na gCuideachtaí.

### Gealltanas maidir le Dícháiliú[103]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar rogha do dhuine (i gcás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil feidhm ag imthosca áirithe i ndáil le duine) é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe gan an gá le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfar leas a bhaint as an nós imeachta sin i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Údarás chun a chreidiúint go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear in alt 842(a) go (i) d'Acht na gCuideachtaí maidir leis an duine[104]. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don duine é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe. I gcás go gcuireann an duine é nó í féin faoi réir "gealltanas maidir le dícháiliú" agus go seolann sé nó sí an doiciméad um ghlacadh le dícháiliú ar ais chuig an Údarás, agus é sínithe go cuí, measfar é nó í a bheith ina dhuine dícháilithe nó ina duine dícháilithe. Tá oibleagáid ar an Údarás mionsonraí faoin dícháiliú a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[105].

### Srian

Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh[106] maidir le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e., cuideachtaí nach bhfuil in ann a bhfiacha[107] a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil sí dócmhainneach, maidir le haon stiúrthóir ar an gcuideachta a mhainníonn an tÚdarás nó an Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé go macánta agus go freagrach, féadfar é nó í a shrianadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

### Gealltanas maidir le Srian[108]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar deis don duine é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta gan gá a bheith ann le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta. Áireofar leis an tairiscint na himthosca, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Údarás a bheith ag teacht ar an gcreideamh go bhfuil srianadh cuí.

I gcás go nglacann an duine leis an srianadh, agus go seolann sé an doiciméad maidir le glacadh le srianadh ar ais, agus é sínithe go cuí, seolfaidh an tÚdarás mionsonraí faoin "gealltanas maidir le srian" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár daoine srianta[109].

Le srian den sórt sin, coisctear duine chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó chun baint a bheith aige nó aici i bhfoirmiú nó tionscnamh aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach[110]. I gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is é €500,000 i scairchaipiteal íoctha leithroinnte an ceanglas caipitil agus, i gcás aon chuideachta eile, is é €100,000 an ceanglas caipitil. Tá cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos doichte maidir le cothabháil caipitil freisin.

Aon duine a leanann de bheith i mbun oifige mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srian a bheith ar siúl gan an chuideachta a bheith caipitlithe go leordhóthanach, measfar, gan cruthúnas ar aon rud breise, gur sháraigh sé nó sí Acht na gCuideachtaí agus dícháileofar é nó í go huathoibríoch mar stiúrthóir. **Pléitear topaic an tsrianta go mion in Aguisín B a ghabhann le Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**

103. Alt 849 d'Acht na gCuideachtaí.
104. Is iad sin na himthosca a mbeadh ordú dícháilíochta mar thoradh orthu dá mba dheimhin leis an gcúirt go bhfuil feidhm acu, agus leagtar amach iad in alt 862 d'Acht na gCuideachtaí.
105. Alt 864 d'Acht na gCuideachtaí.
106. Ailt 819 agus 820 d'Acht na gCuideachtaí.
107. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
108. Alt 852 d'Acht na gCuideachtaí.
109. Alt 823 d'Acht na gCuideachtaí.
110. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí.

Aon duine a ghníomhaíonn, i ndáil le haon chuideachta, ar mhodh nó i gcáil a mbeidh toirmeasc air nó uirthi gníomhú amhlaidh de bhua é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine (a) atá faoi réir ordú dícháilíochta, nó (b) atá faoi réir dearbhú maidir le srian, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[111].

## Cuideachta a Bhaint den Chlár[112]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i dtaobh an rúin cuideachta a bhaint den chlár ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó nach sealbhaíonn sí an banna riachtanach in éagmais stiúrthóir den sórt sin a bheith ann[113]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Má bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[114] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

Maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaítear a chomhlíonadh chun go gcuirfear cuideachta ar ais ar an gclár, pléitear iad in Aguisín A a ghabhann leis an leabhar seo. Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí – www.cro.ie

111. Alt 855 d'Acht na gCuideachtaí.
112. Alt 725 d'Acht na gCuideachtaí.
113. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
114. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín A

## An Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)

### Réamhrá

Ceanglaítear ar gach cuideachta tuairisceán bliantúil a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí[115]. Ceanglaítear an Tuairisceán Bliantúil a chur isteach san fhormáid fhorordaithe (Foirm B1) agus an fhaisnéis shainordaitheach a bheith inti. Ceanglaítear freisin na doiciméid is gá a bheith i gceangal leis. Ní cheanglaítear ar chuideachta atá ag comhdú an chéad tuairisceáin bhliantúil uaithi ráitis airgeadais reachtúla ná aon doiciméid eile a chur i gceangal léi[116].

Ceanglaítear an tuairisceán bliantúil a bheith tugtha suas go dtí dáta nach déanaí ná 'dáta tuairisceáin bhliantúil'[117] na cuideachta. Is é an dáta tuairisceáin bhliantúil an dáta a shannann Cláraitheoir na gCuideachtaí don chuideachta le haghaidh tuairisceán bliantúil a chomhdú. Tá an dáta tuairisceáin bhliantúil bunaithe ar dháta corpraithe na cuideachta agus/nó cothromlá an tuairisceáin bhliantúil roimhe. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí (www.cro.ie).

Ceanglaítear an tuairisceán bliantúil a sheachadadh ar an gCláraitheoir de réir an chreata ama atá leagtha amach faoi Acht na gCuideachtaí. I gcás go mainneoidh cuideachta é sin a dhéanamh, beidh a gcuid oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí á sárú ag gach oifigeach de chuid na cuideachta (lena n-áirítear gach stiúrthóir) a rinne mainneachtain agus beidh a chuid oibleagáidí nó a cuid oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí á sárú ag aon duine ar gnách le stiúrthóirí na cuideachta gníomhú de réir a orduithe nó a horduithe nó a threoracha nó a treoracha nó a bhfuil an mhainneachtain inchurtha i leith a orduithe nó a horduithe nó a neamhghníomhartha.

Áirítear leis na pionóis i leith mainneachtain tuairisceán bliantúil a chomhdú nó i leith tuairisceán bliantúil a chomhdú go déanach fíneálacha comhdúcháin dhéanaigh, ionchúiseamh, agus an chuideachta a bhaint den chlár. Más rud é go mbainfear cuideachta de chlár na gcuideachtaí toisc gur mhainnigh sí tuairisceán bliantúil a chomhdú, leanfar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach eile agus gach comhalta de chuid na cuideachta, más ann, agus féadfar é a fhorghníomhú ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta[118].

Más rud é gur éagóir baint na cuideachta den chlár le haon chomhalta, oifigeach nó creidiúnaí de chuid na cuideachta, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ar an gcuideachta a chur ar ais ar an gclár[119] laistigh de 12 mhí ón dáta a baineadh í den chlár. Ar choinníoll gur deimhin leis an gCláraitheoir gur comhdaíodh na doiciméid uile a bhí amuigh agus gur íocadh na táillí uile a bhí gan íoc, féadfaidh sé nó sí an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. I gcás go gcuireann an Cláraitheoir an chuideachta ar ais ar an gclár, meastar gur lean an chuideachta ar marthain amhail is nach mbainfí den chlár í[120].

115. Alt 343(2) d'Acht na gCuideachtaí.
116. Alt 349 d'Acht na gCuideachtaí.
117. Alt 345 d'Acht na gCuideachtaí.
118. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.
119. Alt 737 d'Acht na gCuideachtaí.
120. Alt 737(5) d'Acht na gCuideachtaí.

Tar éis an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear thuas do dhul in éag, féadfaidh aon chomhalta, oifigeach nó creidiúnaí de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt[121] ar an gcuideachta a chur ar ais[122] ar an gclár (ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas laistigh de 20 bliain ón dáta a baineadh an chuideachta den chlár). I gcás gur deimhin leis an gCúirt go mbeadh sé cóir cothromasach an chuideachta a chur ar ais ar an gclár[123], meastar gur lean an chuideachta ar marthain amhail is nach mbainfí den chlár í. Féadfaidh an Chúirt freisin, áfach, más cuí léi, a ordú go mbeidh na hoifigigh, nó aon duine amháin nó níos mó díobh, faoi dhliteanas i leith aon fhiach a thabhaigh an chuideachta le linn na tréimhse ina raibh sí bainte den chlár[124].

Maidir leis an tréimhse ama le haghaidh iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ar Chuideachta Bainistíochta Maoine a chur ar ais ar an gclár, fadaíodh í go 6 bliana leis an Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011. Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais riaracháin eile i gcásanna den sórt sin. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

## An Fhaisnéis a Cheanglaítear a Sholáthar sa Tuairisceán Bliantúil

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Chláraitheoir i dtuairisceáin bhliantúla cuideachtaí:

- ainm na cuideachta agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;
- áit chlárúcháin agus uimhir chláraithe (soláthraíonn an Cláraitheoir an uimhir sin tráth an chorpraithe);
- dáta tuairisceáin bhliantúil (i.e., an dáta tuairisceáin bhliantúil, murar athraíodh de réir alt 346 é);
- an bhliain airgeadais a chumhdaítear leis an tuairisceán (i.e., ráitis airgeadais a leagadh faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a tionóladh le linn na tréimhse lena mbaineann an Tuairisceán Bliantúil nó atá le leagan faoi bhráid an chruinnithe ghinearálta bhliantúil sin);
- seoladh na hoifige cláraithe;
- seoltaí eile (ceanglaítear iad seo mura gcoimeádtar cláir reachtúla ag an oifig chláraithe);
- ainm agus seoladh rúnaí na cuideachta;
- mionsonraí faoi aon síntiúis pholaitíochta a thug an chuideachta;
- scairchaipiteal údaraithe*;
- scairchaipiteal eisithe*;
- liosta comhaltaí*;
- liosta daoine a scoir de bheith ina gcomhaltaí ó rinneadh an tuairisceán roimhe*;
- mionsonraí faoi scaireanna a aistríodh ó rinneadh an tuairisceán roimhe*;
- ainmneacha na stiúrthóirí;
- dátaí breithe na stiúrthóirí;
- seoltaí na stiúrthóirí;
- slite gnó na stiúrthóirí; agus
- mionsonraí faoi aon stiúrthóireachtaí eile atá ag na stiúrthóirí.

*Ní cheanglaítear é seo ach amháin i gcás cuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu

121. Alt 743 d'Acht na gCuideachtaí – ciallaíonn 'Cúirt' an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda.
122. Alt 738 d'Acht na gCuideachtaí.
123. Alt 741 d'Acht na gCuideachtaí.
124. Alt 742(c) d'Acht na gCuideachtaí.

## Doiciméid atá le Cur i gCeangal leis an Tuairisceán Bliantúil mar a Leagadh nó atá le Leagan faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil[125]

- ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta;
- tuarascáil na stiúrthóirí, lena n-áirítear aon tuarascáil stiúrthóirí grúpa; agus
- tuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla ar na ráitis airgeadais sin agus ar thuarascáil na stiúrthóirí.

## Díolúintí ó Chomhdú atá ar Fáil do Chuideachtaí sonracha

Tá díolúintí ar fáil do chuideachtaí áirithe bunaithe ar mhéid, ar díolúintí iad a fhágann nach gceanglófar orthu na doiciméid uile thuas a sheachadadh ar an gCláraitheoir.

### Micreachuideachta[126]

Maidir leis na coinníollacha cáiliúcháin atá bunaithe ar mhéid do Mhicreachuideachta, sásaíonn cuideachta iad más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcáilíonn sí do chóras na gcuideachtaí beaga agus go gcomhlíonann sí dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- ní mó ná €700,000 a láimhdeachas
- ní mó na €350,000 iomlán an chláir comhardaithe
- ní mó ná deichniúr an meánlíon fostaithe.

Ceanglaítear ar chuideachta a cháilíonn mar Mhicreachuideachta agus a bhaineann leas as na díolúintí[127] dá bhforáiltear ráitis airgeadais ghiorraithe a chur i gceangal leis an tuairisceán bliantúil[128]. Bainfear na ráitis airgeadais ghiorraithe as ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta, agus tabharfar léargas fíorcheart[129] iontu ar na sócmhainní, ar na dliteanais agus ar an staid airgeadais. Áirítear leo an clár comhardaithe agus líon beag nótaí. Ní cheanglaítear ar mhicreachuideachta tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú, ar choinníoll go gcuirtear an fhaisnéis faoina scaireanna féin a fháil agus a dhiúscairt[130] ar áireamh i nóta leis an gclár comhardaithe. Tá tuilleadh faisnéise faoi cheanglais i ndáil le ráitis airgeadais ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

### Cuideachta Bheag[131]

Maidir leis na coinníollacha cáiliúcháin atá bunaithe ar mhéid do Chuideachta Bheag, sásaíonn cuideachta iad más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcomhlíonann sí dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- ní mó ná €12 mhilliún láimhdeachas
- ní mó na €6 mhilliún iomlán an chláir comhardaithe
- ní mó ná 50 fostaí an meánlíon fostaithe.

Ceanglaítear ar chuideachta a cháilíonn mar Chuideachta Bheag agus a bhaineann leas as na díolúintí[132] dá bhforáiltear ráitis airgeadais ghiorraithe a chur i gceangal leis an tuairisceán bliantúil[133]. Bainfear na ráitis airgeadais ghiorraithe de chuid cuideachta bige as ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta. Áirítear leo an clár comhardaithe agus na nótaí is gá. Tá tuilleadh faisnéise faoi cheanglais i ndáil le ráitis airgeadais ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

125. Alt 347 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 50 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
126. Alt 280D d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lenar cuireadh isteach caibidil nua 1A).
127. Ailt 352 agus 353 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le hailt 51 agus 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
128. Alt 353 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
129. Alt 291 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 17 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
130. Alt 328 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 44 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
131. Alt 280A d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lenar cuireadh isteach caibidil nua 1A).
132. Alt 352 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
133. Alt 353 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).

## Grúpa Beag (cuideachta sealbhaíochta)[134]

Cáilíonn grúpa beag faoi chóras na gcuideachtaí beaga i mbliain airgeadais i gcás go gcáilíonn an chuideachta sealbhaíochta agus gach comhalta den ghrúpa mar chuideachta bheag. Sásaítear na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh grúpa beag má chomhlíonann sé dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- ní mó ná €12 mhilliún an láimhdeachas comhiomlán glan (ní mó ná €14m an láimhdeachas comhiomlán comhlán)
- ní mó ná €6 mhilliún iomlán an chláir comhardaithe chomhiomláin ghlain (ní mó ná €7.2m iomlán an chláir comhardaithe chomhiomláin chomhláin)
- ní mó ná 50 duine meánlíon comhiomlán na bhfostaithe.

Aon chuideachta sealbhaíochta a cháilíonn le haghaidh chóras na ngrúpaí beaga nó na micreachuideachtaí, tá sí díolmhaithe ón gceanglas ráitis airgeadais grúpa a ullmhú[135]. De bhreis air sin, féadfaidh grúpa beag bheith incháilithe freisin le haghaidh leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh[136].

## Cuideachta Mheánmhéide[137]

Sásaíonn cuideachta na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh cuideachta mheánmhéide i ndáil le bliain airgeadais ina gcomhlíonann sí dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- ní mó ná €40m láimhdeachas na cuideachta
- ní mó ná €20m iomlán chlár comhardaithe na cuideachta
- ní mó ná 250 duine meánlíon fostaithe na cuideachta.

Ceanglaítear ar chuideachtaí meánmhéide tacar iomlán ráiteas airgeadais iniúchta a chomhdú. Ceanglaítear ar roinnt cuideachtaí meánmhéide freisin ráiteas um chomhlíonadh stiúrthóirí[138] a ullmhú i gcás gur mó ná €12.5m iomlán a gcláir comhardaithe agus gur mó ná €25m a láimhdeachas. Tá siad díolmhaithe ón gceanglas na nithe seo a leanas a nochtadh sna nótaí leis na ráitis airgeadais: (a) athbhreithniú gnó i dtuarascáil na stiúrthóirí, agus (b) luach saothair as obair iniúchta agus obair a bhaineann le hiniúchadh[139].

## Grúpa Meánmhéide (cuideachta sealbhaíochta)[140]

- ní mó ná €40 milliún an láimhdeachas comhiomlán glan (ní mó ná €48m an láimhdeachas comhiomlán comhlán)
- ní mó ná €20 milliún an láimhdeachas comhiomlán glan (ní mó ná €24m an láimhdeachas comhiomlán comhlán)
- ní mó ná 250 duine meánlíon comhiomlán na bhfostaithe.

Ceanglaítear ar ghrúpchuideachtaí meánmhéide tacar iomlán ráiteas airgeadais grúpa iniúchta a chomhdú.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le ceanglais ráiteas airgeadais ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

134. Alt 280B agus 280E d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lenar cuireadh isteach caibidil nua 1A).
135. Alt 293 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 19 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
136. Alt 359 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 57 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
137. Alt 280F d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lenar cuireadh isteach caibidil nua 1A).
138. Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí.
139. Alt 322 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 38 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, agus le halt 6 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
140. Alt 280F agus 280G d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lenar cuireadh isteach caibidil nua 1A).

## Ráitis Airgeadais Reachtúla Lochtacha a Athbhreithniú go Deonach[141]

I gcás go dtagann na stiúrthóirí ar chuideachta ar an eolas gur lochtach atá na ráitis airgeadais i leith bliain airgeadais áirithe sa dóigh is nach gcomhlíonann siad ceanglais Acht na gCuideachtaí nó, i gcás gurb infheidhme, nach gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 4 den Rialachán maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, féadfaidh na stiúrthóirí ráitis airgeadais athbhreithnithe nó tuarascáil athbhreithnithe stiúrthóirí a ullmhú i leith na bliana sin.

- I gcás go mbeifear tar éis cóipeanna de na ráitis airgeadais "bhunaidh" nó de thuarascáil "bhunaidh" na stiúrthóirí a leagan faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta nó a sheachadadh ar an gCláraitheoir, ní bheidh san athbhreithniú ar na doiciméid ach an chuid sin nach gcomhlíonann Acht na gCuideachtaí nó, i gcás gurb infheidhme, nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 4 den Rialachán maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, agus aon athruithe iarmhartacha is gá a dhéanamh.
- Má bhaineann an chúis leis na ráitis airgeadais reachtúla a athbhreithniú le faisnéis sna nótaí leis na ráitis sin a fágadh ar lár nó a bhí mícheart nó neamhiomlán, ansin féadfar aon athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh le nóta forlíontach, ar choinníoll nach ndéanann an t-athbhreithniú difear do mhéideanna agus do chur i láthair na ráiteas sin. Murach sin, ní mór ráitis airgeadais athbhreithnithe a ullmhú.
- Más é an chúis le hathbhreithniú thuarascálacha na stiúrthóirí gur fágadh faisnéis ar lár nó go raibh faisnéis mícheart nó neamhiomlán agus mura ndéanann an fhaisnéis bhreise difear d'fhaisnéis eile sa tuarascáil, féadfar an t-athbhreithniú a dhéanamh le nóta forlíontach. Murach sin, ní mór tuarascáil athbhreithnithe stiúrthóirí a ullmhú.

I gcás go ndéantar na ráitis airgeadais reachtúla d'aon bhliain airgeadais a athbhreithniú, ní mór a lua sna chéad ráitis airgeadais reachtúla eile a ullmhófar tar éis dháta an athbhreithnithe go ndearnadh an tacar ráiteas airgeadais roimhe sin a athbhreithniú agus sonraí an athbhreithnithe, an éifeacht a bhí leis agus na cúiseanna a bhí leis a shonrú i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

141. Alt 366 d'Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín B

## Foirmeacha Léiritheacha agus a mBeidh i Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta

Le hAcht na gCuideachtaí, ceanglaítear ar chuideachtaí miontuairiscí a choimeád ar imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta agus ní mór téarmaí na rún uile a thaifeadadh i leabhair a choimeádtar chuige sin[142]. Má mhainníonn cuideachta miontuairiscí ar chruinnithe nó rúin de chuid na cuideachta a choimeád, beidh an chuideachta, agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain, ciontach i gcion de chuid earnáil 4.

Ní shonraítear in alt 199 an fhaisnéis ba cheart a thaifeadadh sna miontuairiscí. Mar sin féin, ba cheart miontuairiscí a bheith ina léiriú cruinn ar cad a tharla ag cruinniú. Dá réir sin, moltar gur cheart, ar a laghad, an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh i miontuairiscí.

## Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta

- dáta, am agus suíomh an chruinnithe;
- ainm na stiúrthóirí agus an rúnaí atá i láthair;
- stiúrthóirí óna bhfuarthas leithscéal as a neamhábaltacht freastal;
- ainm an duine atá ag déanamh cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- ainm na ndaoine eile atá i láthair (ag an 'bpríomhthábla') agus an cháil ina bhfuil siad ag freastal;
- ceadú na miontuairiscí ar an gcruinniú roimhe agus aon cheartúcháin a iarradh;
- mionsonraí faoi aon doiciméid nó aon pháipéir a cuireadh síos lena mbreithniú ag na comhaltaí, lena n-áirítear teideal agus údar aon doiciméad den sórt sin. Doiciméid a bheidh mar bhonn eolais faoi chinntí (rúin) ag an gcruinniú, amhail na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra (i gcás inarb infheidhme), ní mór iad a scaipeadh ar na comhaltaí roimh an gcruinniú chun deis a thabhairt dóibh iad a scrúdú;
- mionsonraí faoi thograí a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí le haghaidh vótáil, ainm na ndaoine a chuir na tograí ar aghaidh agus ainm na ndaoine a thacaigh leis na tograí;
- mionsonraí faoi aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhaigh stiúrthóirí agus cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, mar shampla, a staon siad ó pháirt a ghlacadh in aon phlé, a staon siad ó aon vótáil a tógadh nó a d'fhan siad as láthair ón gcruinniú le linn aon phlé ar an ní;
- ba cheart cuntas ar na tuairimí a chuir gach duine a rinne rannchuidiú leis an bplé in iúl a thaifeadadh, lena n-áirítear, mar shampla, ceisteanna a chuir na comhaltaí ón urlár ar an mbord agus na freagraí a tugadh. Cé go bhféadfar achoimre a dhéanamh sna miontuairiscí ar na rannchuidithe a rinneadh, ba cheart léiriú cruinn a thabhairt san achoimre ar shubstaint na rannchuidithe a rinneadh. I gcás go n-iarrann comhalta go sonrach go dtaifeadfaí a rannchuidiú sna miontuairiscí, mar shampla i gcás go dtagann easaontas chun cinn, ba cheart a bheith an-chúramach a chinntiú go léirítear sna miontuairiscí an rannchuidiú a rinneadh;
- na torthaí ar aon vótáil a tógadh (mar a dhearbhaigh an Cathaoirleach) agus cé acu a tógadh í ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht;
- mionsonraí faoi na rúin a rith an chuideachta, i.e., cinntí foirmiúla a rinneadh tar éis vótála;
- síniú Chathaoirleach an bhoird lena ndeimhnítear gur léiriú cruinn ar na himeachtaí iad na miontuairiscí taifeadta; agus
- ba cheart an clár oibre, mar a scaipeadh é ar na daoine sin a bhí le freastal ar an gcruinniú, a cheangal mar aguisín leis na miontuairiscí (ba cheart gach mír ar an gclár oibre a bheith uimhrithe go seicheamhach chun tagairt a éascú).

142. Alt 199 d'Acht na gCuideachtaí.

## Cruinnithe Boird/Cruinnithe Fochoistí Boird

- dáta, am agus suíomh an chruinnithe;
- ainm na stiúrthóirí agus an rúnaí atá i láthair;
- daoine óna bhfuarthas leithscéal as a neamhábaltacht freastal;
- ainm an duine atá ag déanamh cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- ainm na ndaoine eile atá i láthair agus an cháil ina bhfuil siad ag freastal;
- ceadú na miontuairiscí ar an gcruinniú roimhe agus aon cheartúcháin a iarradh;
- mionsonraí faoi aon doiciméid nó aon pháipéir a cuireadh síos lena mbreithniú ag an mbord, lena n-áirítear teideal agus údar aon doiciméad den sórt sin (scaipfí na doiciméid sin roimh an gcruinniú de ghnáth chun deis a thabhairt do na stiúrthóirí iad a bhreithniú);
- mionsonraí faoi thograí a cuireadh faoi bhráid an bhoird le haghaidh vótáil, ainm na ndaoine a chuir na tograí ar aghaidh agus ainm na ndaoine a thacaigh leis na tograí;
- mionsonraí faoi aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhaigh stiúrthóirí agus cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, mar shampla, a staon siad ó pháirt a ghlacadh in aon phlé, a staon siad ó aon vótáil a tógadh nó a d'fhan siad as láthair ón gcruinniú le linn aon phlé ar an ní;
- ba cheart cuntas ar na tuairimí a chuir gach duine a rinne rannchuidiú leis an bplé in iúl a thaifeadadh. Cé go bhféadfar achoimre a dhéanamh sna miontuairiscí ar aon rannchuidithe a rinneadh, ba cheart léiriú cruinn a thabhairt san achoimre ar shubstaint na rannchuidithe a rinneadh. I gcás go n-iarrann comhalta boird go sonrach go dtaifeadfaí a rannchuidiú sna miontuairiscí, mar shampla i gcás go dtagann easaontas chun cinn, ba cheart a bheith an-chúramach a chinntiú go léirítear sna miontuairiscí an rannchuidiú a rinneadh;
- na torthaí ar aon vótáil a tógadh;
- mionsonraí faoi na rúin a rith an bord, i.e., cinntí foirmiúla a rinneadh tar éis vótála;
- mionsonraí faoi aon tarmligean údaráis, ag an mbord, chuig comhaltaí boird nó chuig fostaithe, e.g., ba cheart an fíoras gur thug an bord údarú do bhall foirne sinsearach seiceanna a shíniú thar a cheann a thaifeadadh;
- síniú Chathaoirleach an bhoird lena ndeimhnítear gur léiriú cruinn ar na himeachtaí iad na miontuairiscí taifeadta; agus
- ba cheart an clár oibre, mar a scaipeadh é ar na daoine sin a bhí le freastal ar an gcruinniú, a cheangal mar aguisín leis na miontuairiscí (ba cheart gach mír ar an gclár oibre a bheith uimhrithe go seicheamhach chun tagairt a éascú).

# Aguisín C

## Treoir maidir le Taifid Chuntasaíochta atá le Coimeád ag Cuideachtaí

### Córais Chuntasaíochta

Is é taifead ar fháltais agus ar íocaíochtaí an fhoirm taifead cuntasaíochta is lú is féidir ba cheart do chuideachta a choimeád. Ba é a bheadh i gceist leis sin ná dhá leabhar a choimeád, i.e., leabhar íocaíochtaí agus leabhar fáltas.

#### Leabhar Íocaíochtaí

Ba cheart na híocaíochtaí uile a rinne an chuideachta, i dteannta na faisnéise seo a leanas, a thaifeadadh i leabhar na n-íocaíochtaí:

- dáta;
- seic-uimhir;
- ainm an íocaí;
- méid;
- ba cheart méid na híocaíochta a anailísiú ansin idir CBL agus an ghné atá ar leith ó CBL (glanmhéid) den íocaíocht; agus
- ba cheart an glanmhéid a anailísiú ansin faoi cheann amháin nó níos mó de cheannteidil chaiteachais réamhshainithe, mar shampla teas agus solas, teileafón, trealamh, etc.

| Sampla de Leabhar Íocaíochtaí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Seic-Uimhir | Ainm an Íocaí | Méid | CBL | Glan | Teas agus Solas | Trealamh | Fón | Pá |
| 1 Aib. 21 | 000215 | Leictreachas Éireann | 2460 | 460 | 2000 | 2000 | | | |
| 3 Lún. 21 | 000216 | Eir | 1230 | 230 | 1000 | | 400 | 600 | |
| 5 Noll. 21 | 000217 | Mary White | 3000 | 0 | 3000 | | | | 3000 |
| | **Iomlán** | | **6690** | **690** | **6000** | **2000** | **400** | **600** | **3000** |

Tá sampla de leabhar fáltas leagtha amach thuas chun críocha léiriúcháin

Is féidir a fheiceáil ón sampla gurb ionann iomlán comhcheangailte cholúin an mhiondealaithe (i.e., Teas agus Solas, Trealamh, Fón agus Pá) agus iomlán an cholúin 'Glan'. Mar an gcéanna, is ionann iomlán na gcolún 'Glan' agus 'CBL' agus iomlán an cholúin 'Méid'.

De bhreis ar an méid thuas a choimeád, tá sé **bunriachtanach** go gcoimeádfaí na doiciméid ghaolmhara agus tacaíochta **ar fad**, mar shampla sonraisc, admhálacha, conarthaí agus ráitis soláthraithe.

## Leabhar Fáltas

Ba cheart na méideanna uile a fuair an chuideachta, i dteannta na faisnéise seo a leanas, a thaifeadadh i leabhar na bhfáltas:

- dáta fála;
- ainm an duine aonair/na cuideachta atá ag déanamh na híocaíochta;
- méid;
- ba cheart an méid a anailísiú ansin idir CBL agus an ghné atá ar leith ó CBL (glanmhéid) den fháltas; agus
- ba cheart an glanmhéid a anailísiú ansin faoi cheann amháin nó níos mó de cheannteidil chaiteachais réamhshainithe, mar shampla díolacháin trádála, ús bainc, díbhinní a fuarthas, etc.

| Sampla de Leabhar Fáltas | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Ainm | Méid | CBL | Glan | Díola-cháin Trád-ála | Ús Bainc | Díol Trealaimh | Díbhinní a Fuarthas | An Méid a Lóisteáladh |
| 8 Bealt. 21 | J Byrne | 4920 | 920 | 4000 | 4000 | | | | |
| 9 MF 21 | XYZ Teo. | 12300 | 2300 | 10000 | | | 10000 | | 17220 |
| 3 Noll. 21 | APB cpt | 3000 | 0 | 3000 | | | | 3000 | 3000 |
| | **Iomlán** | **20220** | **3220** | **17000** | **4000** | | **10000** | **3000** | **20220** |

Tá sampla de leabhar fáltas leagtha amach thuas chun críocha léiriúcháin

Arís, is féidir a fheiceáil ón sampla gurb ionann iomlán comhcheangailte cholúin an mhiondealaithe (i.e., Díolacháin Trádála, Ús Bainc, Díol Trealaimh, Díbhinní a Fuarthas) agus iomlán an cholúin 'Glan'. Mar an gcéanna, is ionann iomlán na gcolún 'Glan' agus 'CBL' agus iomlán an cholúin 'Méid'.

De bhreis ar an méid thuas a choimeád, tá sé **bunriachtanach** go gcoimeádfaí na doiciméid ghaolmhara agus tacaíochta **ar fad** a bhaineann le méideanna a fhaightear.

## Doiciméid Bhainc

Ba cheart na doiciméid bhainc uile a bhaineann le fáltais agus íocaíochtaí na cuideachta a choimeád. Áireofar le doiciméid bhainc, mar shampla:

- ráitis bhainc;
- duillí seic (ba cheart a bheith comhlánaithe i gceart agus ina n-iomláine);
- duillíní lóisteála;
- aon chomhfhreagras ón mbanc, mar shampla comhfhreagras a bhaineann le hiasachtaí, etc.

Is gá aon mhéideanna atá dlite den chuideachta ag deireadh na bliana a ríomh (faoi threoir na sonrasc nár íocadh fós ag deireadh na bliana) agus is gá aon mhéideanna atá dlite don chuideachta ag deireadh na bliana a ríomh (faoi threoir taifead ar earraí agus seirbhísí a soláthraíodh ach nár íocadh astu fós).

Maidir le luach na stoc ar láimh ag deireadh na bliana, is gá iad a luacháil faoi threoir na gcainníochtaí fisiciúla ar láimh agus faoi threoir chostas ceannaigh na stoc sin (nó i gcás gurb ísle an méid sin, an méid ar ar féidir iad a dhiúscairt, mar shampla i gcás go bhfuil na stoic damáistithe nó as feidhm). Chun cainníochtaí fisiciúla an stoic ar láimh ag deireadh na bliana a fháil amach, is iondúil gur gá don chuideachta stocáireamh a dhéanamh (rud a bhfreastalaíonn iniúchóirí na cuideachta air de ghnáth).

Is gnách gur leor na taifid thuas a choimeád agus na doiciméid tacaíochta uile a choinneáil chun ullmhú tacar ráiteas airgeadais bunúsach a ullmhú. De bhreis air sin, is féidir na colúin CBL i leabhar na bhfáltas agus i leabhar na n-íocaíochtaí a úsáid, agus iad iomlánaithe, chun an fhaisnéis riachtanach a chur isteach i dtuairisceáin CBL na cuideachta.

Is córas an-bhunúsach é an córas atá leagtha amach thuas, áfach, agus is gnách nach soláthraítear an leibhéal riachtanach faisnéise bainistíochta leis ach amháin i gcás na gcuideachtaí is lú. I gcás nach leor an córas thuas chun cur ar chumas na cuideachta agus a stiúrthóirí staid airgeadais na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn aon tráth, beidh córas cuntasaíochta níos sofaisticiúla ag teastáil chun go gcomhlíonfaidh an chuideachta na hoibleagáidí dlíthiúla atá uirthi taifid chuntasaíochta chuí a choimeád.

Is é atá i gceist le córais chuntasaíochta níos sofaisticiúla ná taifid bhreise chuntasaíochta a choimeád, lena n-áirítear, mar shampla:

- roinnt cuntais bhainc;
- mórleabhar féichiúnaithe (taifead leanúnach ar na méideanna atá dlite don chuideachta);
- mórleabhar creidiúnaithe (taifead leanúnach ar na méideanna atá dlite den chuideachta);
- mórleabhar ainmniúil (taifead leanúnach ar ioncam, caiteachas, sócmhainní agus dliteanais na cuideachta);
- taifid ar ghluaiseachtaí stoic, i.e., fáltais agus seoltaí stoc, aistrithe chuig obair ar láimh agus ó obair ar láimh, etc.; agus
- clár sócmhainní seasta (taifead leanúnach ar shócmhainní seasta na cuideachta, breiseanna a chuirtear le sócmhainní seasta, diúscairtí ó shócmhainní seasta, agus dímheas, etc.).

I gcás go gcoimeádtar na taifid bhreise chuntasaíochta sin, beidh fáil réidh ar na méideanna atá dlite den chuideachta nó atá dlite don chuideachta. Dá bhrí sin, beidh léargas níos soiléire ar fhíorstaid airgeadais na cuideachta ag stiúrthóirí na cuideachta.

Is iondúil gur ar chóras ríomhairebhunaithe a choimeádtar an cineál córais cuntasaíochta atá tuairiscithe thuas. Tá roinnt pacáistí réamhdhéanta ar fáil chun na críche sin. De rogha air sin, is féidir gach ceann de na taifid thuas a choimeád de láimh.

## Córas Rialaithe Inmheánaigh

De bhreis ar na córais chuntasaíochta dá dtagraítear thuas, b'fhearr do chuideachtaí córas "rialaithe inmheánaigh" a bheith i bhfeidhm acu, nuair is indéanta. Cé nach ceanglas dlíthiúil é córas rialaithe inmheánaigh, is dea-chleachtas é. Is é atá i rialuithe inmheánacha ná tacar beartas agus nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag na stiúrthóirí chun cuspóirí áirithe a bhaint amach, mar shampla:

- chun cruinneas na dtaifead cuntasaíochta agus na ráiteas airgeadais a chinntiú;
- chun sócmhainní na cuideachta a chumhdach; agus
- chun calaois, earráid agus mírialtachtaí eile a chosc.

Chun léiriú a thabhairt, d'áireofaí na nithe seo a leanas, mar shampla, le nósanna imeachta rialaithe:

- a chinntiú gurb amhlaidh, nuair is indéanta, nach bhfuil rialú ag aon duine aonair amháin ar thimthriall idirbheart ina iomláine;
- ceadú leordhóthanach doiciméad agus rialú leordhóthanach ar dhoiciméid a chinntiú;
- cruinneas uimhríochtúil na dtaifead a sheiceáil;
- cuntais rialaithe a choimeád, mar shampla cuntais rialaithe féichiúnaithe, creidiúnaithe, CBL agus ÍMAT;
- comharduithe trialach rialta a ullmhú;
- imréitigh rialta a dhéanamh, mar shampla imréitigh bhainc;
- comparáid a dhéanamh idir leibhéil stoic fhisiciúil agus leibhéil stoic leabhar, agus aon neamhréireachtaí a shainaithint agus a imscrúdú; agus
- teorainn a chur le rochtain ar shócmhainní agus ar thaifid, mar shampla trí bhearta slándála fisiciúla agus trí phasfhocail, etc.

## Rabhadh

Is treoir ghinearálta í an treoir atá leagtha amach san aguisín seo agus ní ceart a mheas gur treoir uilechuimsitheach í. Moltar go mór do chuideachtaí agus dá stiúrthóirí comhairle ghairmiúil cuntasaíochta a lorg agus iad ag socrú a gcóras cuntasaíochta agus rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú gur a bhuí leis na córais a bheidh curtha chun feidhme a bheidh an chuideachta agus a stiúrthóirí in ann na ceanglais dhlíthiúla atá orthu ina leith sin a chomhlíonadh.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority